

**An Bhruiséil, 8 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)**

13740/25

**SOC 655
GENDER 186
ANTIDISCRIM 95
FREMP 264
JAI 1368
ECOFIN 1322**

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	8 Deireadh Fómhair 2025
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2025) 725 final
Ábhar:	TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 725 final.

Faoi iamh: COM(2025) 725 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.10.2025
COM(2025) 725 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas LADTIA+ 2026-2030

RÉAMHRÁ

Ba cheart go mbraithfeadh gach duine san Aontas Eorpach go **sábháilte agus saor a bheith dílis dóibh féin**. Is bunluachanna agus bunchearta iad an comhionannas agus an neamh-idirdhealú a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Is prionsabail iad a thugann treoraíocht do ghníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta freisin⁽¹⁾. Agus is bunchloch de Chólún Eorpach na gCearta Sóisialta iad comhdheiseanna freisin⁽²⁾.

Mar a chuir an tUachtarán von der Leyen i dtábhacht ina [**haitheasc ar Staid an Aontais in 2025**](#): ‘Baineann neamhspleáchas na hEorpa **lenár saoirsí a chosaint**. An tsaoirse chun cinneadh a dhéanamh. Labhairt amach. Bogadh timpeall na mór-roinne ar fad. An tsaoirse chun vóta a chaitheamh. **Grá a thabhairt**. Guí. **Maireachtáil in Aontas a bhfuil comhionannas ann**.’ Ní féidir na saoirsí sin a bhaint amach mura bhfuil gach duine, na glúnta atá ann anois agus na glúnta atá le teacht, saor ó idirdhealú.

Tá an comhionannas agus an neamh-idirdhealú ríthábhachtach d’athléimneacht dhaonlathach an Aontais, dá acmhainneacht eacnamaíoch, dá cheartas sóisialta agus dá chomhtháthú. Tá an Coimisiún lántiomanta leanúint den chomhionannas agus den neamh-idirdhealú a chosaint aon uair a bheidh siad faoi bhagairt⁽³⁾. Tá **freagracht chomhchoiteann** ar an gCoimisiún, ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit seasamh leis na cearta sin, agus comhionannas do chách a áirithiú⁽⁴⁾.

In 2020, ghlac an Coimisiún a chéad [**straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025**](#), riamh, lenar neartaíodh gníomhaíocht an Aontais in aghaidh an idirdhealaithe in aghaidh daoine LADTIA+⁽⁵⁾. Ba chéim thábhachtach í an straitéis chun **Aontas an Chomhionannais** a thógáil, fis an Choimisiún le haghaidh Eoraip chuimsitheach inar féidir le gach duine maireachtáil faoi shaoirse, gan beann ar a fhéiniúlacht. Mar thoradh air sin, cuireadh an iliomad gníomhaíochtaí a bhaineann le LADTIA+ chun feidhme, lena n-áirítear príomhthograí reachtacha chun cearta LADTIA+ a chur chun cinn, chomh maith le tacaíocht gan fasach d’eagraíochtaí sochaí sibhialta LADTIA+ tríd an gclár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna.

Comhlánaíodh an straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025 nuair a ghlac na Ballstáit **13 straitéis náisiúnta maidir le comhionannas LADTIA+** agus mar thoradh air sin cuireadh

⁽¹⁾ Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais.

⁽²⁾ [Colún Eorpach na gCearta Sóisialta - Aontas Eorpach níos cothroime agus níos cuimsithí a thógáil - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú](#)

⁽³⁾ Féach mar shampla [ráiteas ón Uachtarán von der Leyen maidir le Bród Bhúdaípeist](#), an 25 Meitheamh 2025.

⁽⁴⁾ I bhfianaise a gconaire i dtreo aontachas don Aontas, moltar do thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha comhionannas agus cearta bunúsacha a chur chun cinn, i gcomhréir le *acquis* ábhartha an Aontais.

⁽⁵⁾ Is éard is daoine LADTIA+ ann:

1. daoine a bhfuil dúil acu i ndaoine den inscne céanna leo féin (leispiach, aerach) nó i ndaoine d’aon inscne (déghnéasach);
2. daoine nach gcomhfhreagraíonn a bhféiniúlacht agus/ná a léiriú inscne don ghnéas a tugadh dóibh nuair a rugadh iad (trasinscneach, neamhdhénártha);
3. daoine ar rugadh iad le tréithe gnéis nach n-oiriann don sainmhíniú traidisiúnta ar fireann ná ar baineann (idirghnéasach);
4. daoine nach n-oiriann a bhféiniúlacht d’aicmiú dénártha ar ghnéasacht agus/ná ar inscne (aiteach);
5. daoine a bhraitheann nach cur síos sonrach ar a ngnéaschlaonadh nó a bhféiniúlacht inscne atá san /nach gcuirtear síos go sonrach ar a ngnéaschlaonadh ná ar a bhféiniúlacht inscne leis an acrainm LADTIA (an +).

Ar fud an téacs seo, úsáidtear na hacrainmneacha LADTI, LADTIA agus LADTIA+ go hidirghalartach, ag brath ar an téarmaíocht a úsáideadh sa doiciméad, tionscnamh nó réimse beartais sonrach a bhfuiltear ag tagairt dó.

beartha móra a bhaineann le cúrsaí LADTIA+ chun feidhme ar leibhéal an Aontais. Le cruthú an fhoghrúpa comhionannais LADTIA, cuireadh ardán ar fáil chun iarrachtaí comhionannais a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta.

Ó glacadh an straitéis, chuaigh **glacadh sóisialta daoine LADTIA+ i méid**. Tá daoine LADTIA+ níos oscailte fúthu féin ina dtimpeallacht shóisialta anois. De réir [Eorabharaiméadar speisialta 2023 maidir le hidirdhealú](#), is mó seans go mbeidh daoine san Aontas ar a gcompord le comhghleacaí atá leispiach, aerach nó déghnéasach (75 %, méadú 3 phointe céatadán ó 2019) agus le leanbh dá gcuid a bheith i gcaidreamh comhghnéis (59 %, méadú 4 phointe céatadán).

Tugann infheictheacht daoine LADTIA+ sa pholaitíocht, sa tsochaí shibhialta, sa spórt, sna meáin agus san eolaíocht dúshlán na claontachta agus is cuidiú í chun glacadh sóisialta a chothú. **Trí dhaoine LADTIA+ a chumhachtú**, ag tógáil ar oidhreacht eiseamláirí cumhachtacha agus an cultúr comhaimseartha, ag glacadh leo féin i measc a dteaghlach agus a gcairde, cuirtear le sochaí níos éagsúla agus níos éagsúla ar fud an domhain. **Spreagann sé fiontraíocht agus nuálaíocht agus cothaíonn sé fás eacnamaíoch inbhuanaithe**. Mar shampla, i gcathracha ina bhfáiltítear roimh dhaoine LADTIA+ agus atá cuimsitheach is fearr na ‘éiceachórais nuálaíochta’ atá acu, is mó scileanna agus tallann a chomhchruinnítear iontu, agus baineann leibhéil fiontraíochta níos airde leo agus cáilíocht saoil níos fearr⁽⁶⁾.

D’ainneoin dul chun cinn, tá dúshlán ann i gcónaí. De réir an [tríú suirbhé ar dhaoine LADTIA](#) a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) in 2023, thuairiscigh os cionn trian de dhaoine LADTIA(37 %) go ndearnadh **idirdhealú orthu** sa 12 mhí roimh an suirbhé, agus bhí na rátaí ab airde i measc mná trasinscneacha (64 %), fir thrasinscneacha (63 %), agus daoine idirghnéasacha (56 %). Is cosúil gur cuireadh dlús leis an idirdhealú sin leis an leathadh ar insintí frith-inscne agus frith-LADTIA+. [I dtaighde a rinne FRA](#) léirítear go mbíonn ar eagraíochtaí LADTIA+ agus ar chosantóirí chearta an duine aghaidh a thabhairt ar thimpeallachtaí, bagairtí agus ionsaithe atá thar a bheith ionsaitheach.

Cuireann neamhionannais maidir le fostaíocht, cúram sláinte, oideachas, rochtain ar thithíocht, agus rochtain ar sheirbhísí srian ar dheiseanna do dhaoine LADTIA+ i gcónaí. Sa tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, dúirt na freagróirí a thuairiscigh gur bhraith siad go ndearnadh idirdhealú orthu gur ag an obair, ar scoil, i suíomhanna cúraim sláinte nó in áiteanna poiblí is minice a tharlaíodh sé.

Bíonn cailleanais eacnamaíocha ann mar thoradh ar idirdhealú: i [staidéar ECFE](#) a rinneadh le déanaí tagraítear do chaillteanais bhliantúla OTI suas le EUR 89 milliún san Aontas a bhaineann le hidirdhealú bunaithe ar ghnéaschlaonadh. Sa staidéar céanna cuirtear i dtábhacht go mbíonn i bhfad níos mó ná an geilleagar thíos leis an idirdhealú. Déantar dochar don chomhtháthú sóisialta, baintear an bonn d’iontaoibh an phobail agus creimtear an tacaíocht do luachanna daonlathacha. Bíonn sochaithe cuimsitheacha níos athléimní, baineann níos mó den dlúthpháirtíocht leo, bíonn institiúidí níos láidre acu agus leibhéil níos airde rannpháirtíochta sibhialta.

⁽⁶⁾ Open For Business (2025), ‘[City Ratings 2025](#)’.

Ag aithint a bhfuil bainte amach agus go bhfuil dúshlán leanúnach ann, dearbhaíodh i [dtuarascáil cur chun feidhme](#) 2024 ón gCoimisiún maidir le straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025 a lárnaí a bhí an straitéis maidir le cearta daoine LADTIA+ a chur chun cinn cé gur cuireadh i dtábhacht freisin an gá le hiarrachtaí níos láidre ar leibhéal an Aontais.

In 2024, d'iarr **Parlaimint na hEorpa** go mbeadh straitéis nua um chomhionannas LADTIA+ ann, straitéis níos cuimsithí⁽⁷⁾. In 2024 freisin, **shínigh 20 Ballstát [dearbhuí aireachta](#)**, inar iarradh go ndéanfaí gníomhaíocht bhreise agus inar thug siad gealltanais go n-oibreodís leis an gCoimisiún maidir leis an straitéis a athnuachan. Nuair a chuathas i gcomhairle le heagraíochtaí sochaí sibhialta maidir le cur chun feidhme na straitéise um chomhionannas LADTIA a bhí ann roimhe sin, bhí an rud céanna á iarraidh acu, léiriú ar a phráinní atá an ghníomhaíocht leanúnach.

Leis an straitéis nua sin um chomhionannas LADTIA+, a **fógraíodh i [dtreoirlínte polaitiúla 2024 an Uachtaráin von der Leyen](#)**, leagtar amach obair an Choimisiúin maidir le comhionannas LADTIA+ le haghaidh 2026-2030. Is forbairt í ar bhunchloch na chéad straitéise, tarraingíonn sí ar uaillmhian na straitéise sin agus ar an dul chun cinn a rinneadh cheana, á chinntiú go mbeidh leanúnachas ann agus go réiteofar an bealach chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.

Is é is aidhm don straitéis **gealltanais comhchoiteann** ar fud na leibhéil rialachais uile a shlógadh chun cearta bunúsacha agus luachanna an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe, a chumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha agus atá ina gceangal ar na Ballstáit uile mar reachtaíocht phríomha an Aontais, a choimirciú. Leagtar amach ann freisin creat lena n-éilítear rannpháirtíocht agus comhar gníomhach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ó na Ballstáit agus ón tsochaí shibhialta, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go rathúil é.

Maidir le cur chun feidhme na straitéise seo, beidh dhá ghné sa chur chuige, **bearta spriocdhírithé** agus **príomhshruthú an chomhionannais** ar fud réimsí beartais éagsúla a neartú. Leis an straitéis sin, mar a bhí ann roimhe, bainfear úsáid as **trasnachas** mar phrionsabal trasnaí. Tabharfaidh sé aghaidh ar an gcaoi a gcuireann an teaghlaim de ghnéaschlaonadh, féiniúlacht/léiriú inscne agus tréithe gnéis le tréithe nó féiniúlachtaí pearsanta eile, amhail gnéas, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas agus aois, le taithí uathúil i ndáil leis an idirdhealú. Ar an gcaoi sin, comhlánaíonn sí tionscnaimh de chuid an Aontais atá ann cheana, agus tionscnaimh atá le teacht, chun comhionannas do chách a chur chun cinn⁽⁸⁾. Thairis sin, cuirtear san áireamh leis an straitéis mar is féidir na staideanna leochaileachta sin a dhéanamh níos measa de bharr leithlisiú geografach.

Chun an straitéis seo a ullmhú, sheol an Coimisiún **próiseas comhairliúcháin** forleathan. Áiríodh leis sin glao ar fhianaise, comhairliúchán poiblí oscailte agus comhairliúcháin spriocdhírithé, lena n-áirítear cruinnithe comhairleacha tiomnaithe, le páirtithe leasmhara

⁽⁷⁾ [Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Feabhra 2024 ar chur chun feidhme Straitéis an Aontais um Chomhionannas LADTIA 2020-2025 \(2023/2082\(INI\)\)](#).

⁽⁸⁾ [Creat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, colún Eorpach na gceart sóisialta, an straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030, an straitéis maidir le cearta an linbh, an straitéis maidir leis an bhfrithsheimíteachas a chomhrac agus saol na nGiúdach a chothú](#), an straitéis maidir le comhionannas inscne 2026-2030 (a bheartaítear le haghaidh R1 2026) agus an straitéis frithchiníochais 2026-2030 (a bheartaítear le haghaidh R4 2025).

amhail brateagraíochtaí LADTIA+, ionadaithe ó na mBallstáit, na comhpháirtithe sóisialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Sna gníomhaíochtaí comhairleacha ar [thairseach ‘Cloisimis Uait’](#) an Choimisiúin fiú, léiríodh an-spéis ag freagróirí sa topaic.

CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA

1. COSAINT

Tá **leibhéil dhíreireacha foréigin agus fuatha** fós roimh dhaoine LADTIA+, ar measa fós iad mar gheall ar an méadú ar insintí frith-LADTIA+ san Aontas agus ar fud an domhain. Baineann sé sin an bonn de chearta bunúsacha agus is bagairt é ar bhunchloch na sochaithe daonlathacha sa mhéid go gcuirtear faitíos, eisiámh agus ilroinnt shóisialta chun cinn. Tá sé fíor-riachtanach gach cineál foréigin a chomhrac agus a chosc agus deireadh a chur le hinsintí gránna agus seasamh le luachanna coiteanna an Aontais maidir le comhionannas, dínit an duine agus urraim do chearta bunúsacha do chách.

1.1. Cleachtais dhíobhálacha a chomhrac

‘Is idirghabhálacha an-díobhálach iad cleachtais tiontúcháin a bhraitheann ar an smaoineamh atá bréagach ó thaobh leighis de go bhfuil daoine LADT[IA+] tinn, rud a chruthaíonn dianphian agus dianfhulaingt, agus a mbíonn damáiste fadtéarmach síceolaíoch agus fisiciúil mar thoradh orthu’⁽⁹⁾. De réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, **rinneadh cleachtais tiontúcháin** ar 24 % de dhaoine LADTIA, lena n-áirítear foréigean fisiciúil agus gnéasach, drochíde ó bhéal agus uirislíú. Bhí méadú faoi dhó nach mór ar an bhfigiúr sin go 47 % i gcás mná trasinscneacha agus 48 % i gcás fir thrasinscneacha.

Tá sárúithe tromchúiseacha a dhéantar ar a neamhspleáchas coirp roimh dhaoine trasinscneacha, neamhdhénártha agus idirghnéasacha fós⁽¹⁰⁾: forchuireann roinnt Ballstát fós ceanglais mháinliachta nó ceanglais maidir le hidirghabháil leighis le haghaidh aitheantas dlíthiúil inscne⁽¹¹⁾. Léirítear sa tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA agus sa [tuarascáil ghaolmhar ‘Being intersex in the EU’](#), gur luaigh 57 % de fhreagróirí idirghnéasacha nár thug siad féin ná a dtuismitheoirí toiliú eolasach chun dul faoi ghnáthaimh mháinliachta nó hormónacha, agus go ndearnadh díobháil bhuan fhisiceach agus shíceolaíoch dóibh dá bharr.

Chun cuidiú leis na Ballstáit toirmeasc a chur ar chleachtais tiontúcháin⁽¹²⁾, foilseoidh an Coimisiún **staidéar** ina ndéanfar anailís ar chineál, leitheadúlacht agus tionchar na gcleachtas sin ar dhaoine LADTIA+. Chun gníomhaíocht chomhordaithe a éascú, cuirfidh an Coimisiún

⁽⁹⁾ Saineolaí Neamhspleách ó na Náisiúin Aontaithe maidir le cosaint ar fhoréigean agus idirdhealú bunaithe ar Ghnéaschlaonadh agus Féiniúlacht Inscne, [Cleachtais ‘teiripe tiontúcháin’, mar a thugtar orthu](#), an 1 Bealtaine 2020.

⁽¹⁰⁾ [Aitheantas dlíthiúil inscne san Aontas Eorpach: The journeys of trans people towards full equality \[Aistir daoine trasinscneacha i dtreo comhionannas iomlán\]](#), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2020; [ILGA Europe 2025 Léarscáil Bogha Báistí](#).

⁽¹¹⁾ Úsáidtear an nath aitheantas dlíthiúil inscne sa straitéis toisc go n-úsáidtear é go coitianta i dtéacsanna beartais agus acadúla, gan dochar do nathanna eile atá in úsáid ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Sa chás C-4/23, *Mirin*, 4.10.2024, EU:C:2024:845, úsáideann an Chúirt an nath ‘athrú féiniúlachta inscne’ chun tagairt do nósanna imeachta chun inscne dhlíthiúil a athrú ar an leibhéal intíre, agus an frása ‘aitheantas (...) d’athrú féiniúlachta inscne a fuarthas go dleathach i mBallstát eile’ chun tagairt do chásanna trasteorann, is é sin aitheantas á thabhairt i mBallstát d’athrú inscne dlíthiúla a fuarthas i mBallstát eile.

⁽¹²⁾ [An tSeirbhís taighde de chuid P Pharlaimint na hEorpa](#): tá toirmeasc curtha cheana féin ag ocht mBallstát ar chleachtais tiontúcháin.

idirphlé struchtúrtha ar an ábhar chun cinn freisin, go háirithe tríd an ngrúpa saineolaithe um chomhionannas LADTIA+, faoin nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht. Ar bhonn thorthaí an staidéir, déanfaidh an Coimisiún gníomhaíocht iomchuí chun cleachtais tiontúcháin a chomhrac, agus cuirfear béim ar leith ar thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit, a bhfuil ról ríthábhachtach acu sa réimse sin. Leanfaidh an Coimisiún de dhul i ngleic freisin le cleachtais dhíobhálacha eile amhail ciorrú ball giniúna daoine idirghnéasacha agus an leigheas éigeantach ar dhaoine trasinsneacha.

Agus a chur chuige á fhorbairt aige maidir le cleachtais tiontúcháin a chomhrac, cuirfidh an Coimisiún san áireamh, go háirithe, an [tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh](#) le déanaí, ‘Déantar cleachtais tiontúcháin a chosc san Aontas Eorpach’⁽¹³⁾.

1.2. Sábháilteacht a áirithiú agus dul i ngleic leis an bhfuath in aghaidh daoine LADTIA+

Tá ciapadh agus foréigean arna n-inspreagadh ag fuath in aghaidh daoine LADTIA+ ag dul i méid fós. Tuairiscíodh sa tríú suirbhé de chuid FRA ar dhaoine LADTIA in 2023 go ndearnadh **ciapadh arna inspreagadh ag an bhfuath** ar 55 % de fhreagróirí LADTIA sa 12 mhí roimh an suirbhé, méadú 18 bpointe céatadáin ó 2019. Mhéadaigh ar na tuairiscí ar ionsaithe fisiciúla agus gnéasacha freisin, agus bhí daoine trasinsneacha, neamhdhénártha agus idirghnéasacha ag fulaingt go díréireach. Bhí na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo don straitéis seo ag cur i dtábhacht a phráinní atá sé aghaidh a thabhairt ar na dúshláin leanúnacha sin.

Ar leibhéal an Aontais, ní chumhdaítear leis an gcreat dlíthiúil reatha dá bhforáiltear leis an gCinneadh Réime ón gComhairle maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac agus le [Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac](#) ach cionta fuatha bunaithe ar fhoras ciníoch agus seineafóbach agus cibirghríosú chun foréigin nó fuatha bunaithe ar inscne, faoi seach⁽¹⁴⁾. Níl aon reachtaíocht ann fós lena n-áirithítear cosaint an dlí choiriúil ar chionta bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus/nó ar fhéiniúlacht inscne. Mar thoradh air sin, tá an creat dlíthiúil ar fud na mBallstát ilroinnte agus ar neamhréir⁽¹⁵⁾.

In 2021, mhol an Coimisiún go gcinneadh an Chomhairle **an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chur ar liosta ‘choireanna an Aontais’** faoi Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE)¹⁶. Le Cinneadh den sórt sin ón gComhairle, sholáthrófaí an bunús dlí le haghaidh reachtaíocht thánaisteach lena gcomhchuibhítear sainmhínithe sa dlí coiriúil ar chionta fuatha ar fhorais nach bhforáiltear dóibh faoi láthair faoi dhlí ábhartha an Aontais.

I bhfianaise an easpa dul chun cinn atá ann maidir le Cinneadh den sórt sin ón gComhairle, tá an Coimisiún ag breithniú **tionscnamh reachtach** bunaithe ar na réimsí coireachta atá ann

⁽¹³⁾ Cuireadh fíorú ráitis tacaíochta an tionscnaimh i gcrích go rathúil agus tá coinne ann go gcuirfear an tionscnamh faoi bhráid an Choimisiúin lena scrúdú.

⁽¹⁴⁾ Féach na sonraí i roinn 1.3.

⁽¹⁵⁾ [Staidéar chun tacú le hullmhú tionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh chun cur le liosta choireanna an Aontais](#), 2021.

⁽¹⁶⁾ [Teachtairacht ‘Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta coireanna an Aontais a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chur san áireamh ann’](#), COM/2021/777 final.

cheana a chumhdaítear le hAirteagal 83(1) CFAE chun **an sainmhíniú ar chionta fuatha a dhéantar ar líne a chomhchuibhiú**. Agus bhí sainmhíniú cuimsitheach ar chionta fuatha ar leibhéal an Aontais ar cheann de na príomh-mholtaí a ghlac siad siúd a bhí rannpháirteach sa phainéal in 2024, [An Painéal Saoránach Eorpach maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac](#). Tá an Coimisiún tiomanta d’obair leantach a dhéanamh ar na moltaí sin.

Chun cuidiú le gairmithe forfheidhmithe dlí agus gairmithe ceartais fóibe faoi dhaoine LADTIA+ a shainaithint maidir le cionta arb ionann iad agus coireanna fuatha, leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ag obair leis na Ballstáit chun **feabhas a chur ar thaifeadadh na fuathchoireachta agus ar an tacaíocht d’íospartaigh** faoi [Ghrúpa Ardleibhéil an Choimisiúin um chomhrac na fuathchainte agus na fuathchoireachta](#). Déanfar an iarracht sin i gcomhar le gníomhaireachtaí an Aontais agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. FRA, Comhairle na hEorpa agus ODIHR⁽¹⁷⁾). Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt freisin d’**oiliúint údarás póilíneachta** maidir le fóibe faoi dhaoine LADTIA+ i ndáil le coireanna fuatha agus maidir le neamh-idirdhealú⁽¹⁸⁾.

Ina theannta sin, tá an Coimisiún tiomanta fós do **thacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí sochaí sibhialta** agus tionscadail a oibríonn chun fuath agus idirdhealú de bharr fóibe faoi dhaoine LADTIA+ a chomhrac trí ionstraimí cistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais. Áirítear ar na hionstraimí sin an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna le linn an chreata airgeadais ilbhliantúil reatha, ar cheart an [clár AgoraEU](#), atá sa phróiseas reachtach faoi láthair, a bheith ann ina dhiaidh, don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

Leis an gcéad **Straitéis eile de chuid an Aontais Eorpaigh um chearta íospartach**, leanfaidh an Coimisiún de thimpeallacht shábháilte a chur chun cinn d’íospartaigh LADTIA+ chun an choireacht a thuairisciú. Tá an Coimisiún ag tacú freisin leis an bParlaimint agus leis an gComhairle maidir leis an [Treoir athbhreithnithe maidir le Cearta Íospartach](#) a ghlacadh, treoir arb é is aidhm di cearta íospartaigh uile na coireachta, lena n-áirítear coireanna fuatha de bharr fóibe faoi dhaoine LADTIA+, a neartú.

Chun a áirithiú go gcuirfear dlí an Aontais maidir le neamh-idirdhealú agus cearta bunúsacha i bhfeidhm go héifeachtach agus mar is ceart, tacóidh an Coimisiún go gníomhach le hoiliúint bhreithiúnach ar an topaic sin mar chuid dá **straitéis oiliúna breithiúnaí 2025-2030**. Ina theannta sin, tá cistiú á chur ar fáil ag an gCoimisiún leis an **gclár um Cheartas**, arb é is aidhm dó rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar cheartas a éascú do chách. Áirítear leis sin nósanna imeachta éifeachtacha sibhialta agus coiriúla a chur chun cinn trí rannchuidiú le dlí an Aontais a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go comhleanúnach, agus trí chearta íospartaigh na coireachta a chur chun cinn agus tacú leo, i gcomhréir leis na tosaíochtaí a leagtar amach i [straitéis an Aontais maidir le cearta íospartach](#) le haghaidh 2020-2025.

Aithnítear sa **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac** gur mó an baol foréigin inscnebhunaithe atá ann do dhaoine a ndéanann idirdhealú trasnach difear dóibh, lena n-áirítear daoine LADTI, agus ceanglaítear léi ar na Ballstáit bearta coisctheacha a dhéanamh agus tacaíocht shonrach a chur ar fáil do na híospartaigh sin. Ina

⁽¹⁷⁾ Oifig ESCE um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine.

⁽¹⁸⁾ Féach na tionscnaimh atá molta ag an líonra [Facing Facts](#).

theannta sin, is imthoisc ghéaraitheach é cion a dhéanamh chun pionós a chur ar an íospartach as gnéaschlaonadh an íospartaigh.

Le linn dó na Ballstáit a thionlacan maidir leis an Treoir a thrasuí mar is ceart, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar na dúshláin roimh íospartaigh an idirdhealaithe thrasnaigh, lena n-áirítear íospartaigh LADTI. Éascóidh an Coimisiún malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir leis an topaic sin trí **Líonra an Aontais um fhoréigean in aghaidh na mban agus foréigean baile a chosc**.

Maidir le taighde agus nuálaíocht, tacóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit⁽¹⁹⁾, le cur chun feidhme an [Chóid Iompair maidir le gníomhú in aghaidh an fhoréigin inscnebhunaithe sa taighde agus sa nuálaíocht](#), a forbraíodh mar chuid de **chlár oibre beartais an Limistéir Eorpach Taighde (LET) 2022-2024**⁽²⁰⁾ agus ina n-ionchorpraítear cur chuige trasnach. Ina theannta sin, cisteoidh an Coimisiún taighde faoin gclár [Fis Eorpach](#) maidir le bréagaisnéis, foréigean inscnebhunaithe, fuathchoireacht agus fuathchaint, agus riachtanais shonracha daoine i gcásanna leochaileacha á gcur san áireamh, amhail i gcás daoine LADTIA+. Mar a chuir an tUachtarán von der Leyen i dtábhacht ina haitheasc ar Staid an Aontais 2025, ‘nach mbaineann pas, inscne, eitneacht ná dath polaitiúil leis an eolaíocht’ - prionsabal atá lárnach don tionscnamh [Roghnaigh an Eoraip](#).

Bíonn iliomad cineálacha idirdhealaithe roimh dhaoine óga LADTIA+⁽²¹⁾ go minic, bíonn siad ag déileáil le claontacht agus déantar coireanna fuatha orthu go minic agus bíonn siad an-leochaileach i leith mí-úsáid ghnéasach⁽²²⁾. Chun gach leanbh⁽²³⁾ a chosaint ar mhí-úsáid ghnéasach leanaí, tacóidh an Coimisiún leis na comhreachtóirí an **dá thogra reachtacha** a ghlacadh⁽²⁴⁾.

Ina theannta sin, leis an [Moladh ón gCoimisiún maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí](#), cuirtear le tiomantas an Aontais i leith neamhfhulaingt ar fhoréigean. Molann sé do na Ballstáit a áirithiú gur féidir le gach leanbh, ó thaobh na héagsúlachta ar fad, leas a bhaint as na cearta céanna rochtana ar chosaint ar fud a gcríoch uile agus tairbhe a bhaint as an gcosaint sin. Tá gach leanbh le cosaint, tacú leo agus iad a chumhachtú trí chineálacha cur chuige cuimsitheach, comhordaithe agus córasach a chur chun cinn laistigh de na córais náisiúnta cosanta leanaí agus trí fhreagairt do na leochaileachtaí sonracha.

Cumhdaítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an **ceart chun teacht le chéile go síochánta**, agus tá an Coimisiún, faoina inniúlachtaí, tiomanta é a chosaint agus a chaomhnú i gcónaí. Cé gur léirithe móra infheictheachta agus féiniúlachta iad mórshíolta Bróid agus imeachtaí pobail eile do dhaoine LADTIA+ ar fud na hEorpa, is ábhair mhóra imní iad na hiarrachtaí srian a chur le feidhmiú i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach. Is ábhar imní práinneach fós iad na

⁽¹⁹⁾ [Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéir Eorpach Taighde Nua](#) (IO C 374, 22.11.2021, lch. 1).

⁽²⁰⁾ An Coimisiún Eorpach, [Clár Oibre Beartais an Limistéir Eorpach Taighde – Forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí don tréimhse 2022-2024](#), Oifig na bhFoilseachán, 2021.

⁽²¹⁾ Níl aon sainmhíniú aontaithe ag an Aontas ar dhaoine óga ach go ginearálta agus chun críoch bailithe sonraí, sainmhínítear daoine óga mar dhaoine idir 15 agus 29 mbliana d’aois, [Forbhreathnú - Leanaí agus Daoine Óga - Eurostat](#).

⁽²²⁾ Féach Smith, John, agus Anna Brown. *Child sexual abuse/exploitation and LGBTIQ+ children: Context, links, vulnerabilities, gaps, challenges and priorities*. *Child Abuse & Neglect*, 2024, [doi.org/10.1016/j.chipro.2024.100001](#).

⁽²³⁾ Mar a leagtar síos i [Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh](#) (CRC), is é is leanbh ann duine faoi bhun 18 mbliana d’aois.

⁽²⁴⁾ [COM \(2022\) 209 final](#) agus [COM \(2024\) 60 final](#).

hionsaithe foréigineacha agus an ciapadh a dhéantar ar rannpháirtithe i roinnt Ballstát⁽²⁵⁾, rud a bhaineann an bonn dá sábháilteacht agus dá gcumas iad féin a chur in iúl gan bhac i spásanna poiblí.

Mar chuid den Teachtaireacht maidir le [ProtectEU:Straitéis Eorpach um an tSlándáil Inmheánach](#), , straitéis a chuideoidh leis na Ballstáit slándáil a áirithiú don phobal, neartófar clár comhairleach an Aontais um shlándáil cosanta. Déanfaidh an clár sin, measúnuithe leochaileachta ar imeachtaí ardriosca, lena n-áirítear mórshiúlta Bróid, arna iarraidh sin do na Ballstáit agus á maoiniú faoin gCiste Slándála Inmheánaí. Rachaidh an Coimisiún i ngleic freisin le hantoisceachas fóibe faoi dhaoine LADTIA+ i gclár oibre an Aontais atá le teacht, **Clár oibre AE maidir leis an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigineach a chosc agus a chomhrac.**

Déanann géarchéimeanna difear díreireach do ghrúpaí i staideanna leochaileachta nó dóibh siúd a bhfuil idirdhealú nó eisiamh sóisialta rompu. Dá bhrí sin, sainaithnítear go sonrach sa [Straitéis um Aontas na hUllmhachta](#) an neamhionannas mar thoisce riosca don ullmhacht agus is é is aidhm di cultúr ullmhachta cuimsithí a chothú, gan aon duine a fhágáil ar lár. Tá sé fíor-riachtanach breithnithe comhionannais a phríomhshruthú chun a áirithiú go mbeidh saoránaigh agus pobail uile an Aontais ina rannpháirtithe gníomhacha in iarrachtaí ullmhachta agus freagartha i gcomhair géarchéimeanna.

Le linn an Dara Cogadh Domhanda agus le linn na géarleanúna a rinne na Naitsithe agus a gcomhoibrithe, meastar gur fhulaing 50 000 fear aerach agus déghnéasach ‘pianbhreitheanna príosúnachta faoi dhálaí brúidiúla’, agus gur cuireadh thart ar 10 000-15 000 chuig campaí géibhinn⁽²⁶⁾. Cailleadh go leor díobh, agus níor tugadh aitheantas do thaithí na marthanóirí ar feadh na mblianta. Ag aithint dó go bhfuil géarleanúint daoine LADTIA+ fréamhaithe go domhain i stair na hEorpa, tá an Coimisiún tiomanta don **chuimhneachán** mar dhlúthchuid den chomhionannas a chur chun cinn agus ainghníomhartha ollmhóra amach anseo a chosc. Chun é sin a dhéanamh, cuirfidh sé cistiú tionscadail ar fáil le hionstraimí cistiúcháin ábhartha an Aontais, amhail an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna. Tacóidh an Coimisiún freisin le himeachtaí ardleibhéil lena gcoimeádfar géarleanúint a rinneadh ar dhaoine LADTIA+ i gcuimhne agus glacfaidh sé páirt iontu.

⁽²⁵⁾ De réir [Athbhreithniú Bliantúil ILGA-Europe 2025](#), tá méadú ag teacht ar ionsaithe ar mhórshiúlta Bhród LADTI.

⁽²⁶⁾ [Iontaobhas um Lá Cuimhneacháin ar an Uileloscadh – Daoine aeracha.](#)

1.3. An fuath agus an t-idirdhealú ar líne a chomhrac

Cuireann an domhan ar líne deiseanna tábhachtacha ar fáil do dhaoine LADTIA+. Is spásanna tábhachtacha iad na meáin shóisialta agus ardáin dhigiteacha le haghaidh féinléiriú, féiniúlachta, agus muintearas a chruthú. Is bealaí iad chun guthanna LADTIA+ a mhéadú, **gréasáin tacaíochta a chothú, agus slógadh le haghaidh cearta comhionanna**, go háirithe do dhaoine óga agus dóibh siúd atá i dtimpeallachtaí nach nglacann chomh maith céanna leo.

Mar sin féin, cruthaítear timpeallacht dhigiteach naimhdeach do dhaoine LADTIA+ le **fuathchaint agus ciapadh ar líne**, rud a dhéanann difear dá sábháilteacht, dá bhfolláine agus dá saoirse chun tuairimí a nochtadh agus a chuireann le timpeallacht eagla agus eisiamh. Tacaíonn an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA leis an méid sin: Dúirt 63 % de dhaoine LADTIA go mbíodh ábhar fuatha ar líne lenar glaodh foréigin ina n-aghaidh le feiceáil acu ‘go minic nó seasta’. Thairis sin, díritear níos mó ar dhaoine LADTIA+ agus ar mhná LADTIA+ le hinsintí frith-inscneacha ar líne, agus is minic a dhéantar sin mar chuid d’**fheachtais ionramhála agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus d’fheachtais bhréagfhaisnéise**. Tá méadú ag teacht ar chistiú maith na ngníomhaithe eachtracha agus úsáideann siad ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis chun tuairimí an phobail a ionramháil, chun polarú a spreagadh, agus chun cur isteach ar phróisis dhaonlathacha laistigh den Aontas agus ar fud an domhain. Is dúshlán díreach iad na gníomhaíochtaí sin do chroíluachanna an Aontais maidir le comhionannas, meas ar dhínit an duine agus neamh-idirdhealú.

Leis an **Treoir maidir le foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chomhrac**, coiriúlaítear cibearghríosú chun foréigean nó fuath bunaithe ar inscne den chéad uair. A luaite a chuirfear chun feidhme í i ndlíthe náisiúnta na mBallstát⁽²⁷⁾, áiríteofar léi cosaint choiteann san Aontas ar fhuathchaint inscnebhunaithe ar líne. Thairis sin, coiriúlaítear leis an Treoir sin na cineálacha foréigin inscnebhunaithe ar líne is forleithne, is é sin comhroinnt neamhthoiliúil ábhair phearsanta nó ionramháilte, cibearstalcaireacht agus cibirchiapadh.

Sa [Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha](#) leagtar amach oibleagáidí ar sholáthraithe seirbhísí óstála aghaidh a thabhairt ar ábhar neamhdhleathach ar líne, lena n-áirítear gríosú chun fuatha nó chun idirdhealaithe, lena n-áirítear i gcoinne daoine LADTIA+. Chomh maith leis sin, tá sé d’oibleagáid ar sholáthraithe ardán an-mhór ar líne agus ar sholáthraithe inneall cuardaigh an-mhór na rioscaí sistéamacha a eascraíonn as a gcuid seirbhísí a mheasúnú agus a mhaolú, lena n-áirítear, *inter alia*, an tionchar ar chearta chun dínit an duine agus chun neamh-idirdhealaithe, éifeachtaí diúltacha a bhaineann le foréigean inscnebhunaithe agus iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha ar fholláine fhisiciúil agus mheabhrach an duine. Leanfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na húdaráis náisiúnta inniúla, den rialachán seo a fhorfheidhmiú.

I mí Eanáir 2025, rinne an Coimisiún agus an Bord Eorpach um Sheirbhísí Digiteacha measúnú, a raibh toradh dearfach air, ar an [gCód Iompair athbhreithnithe maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac +](#) (‘an Cód Iompair+’) agus comhlatháíodh é i gcreat an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, rud a bhí ina fhreagra freisin ar na moltaí ón [bpainéal saoránach Eorpach maidir leis an bhfuath sa tsochaí a chomhrac](#).

⁽²⁷⁾ Níl feidhm ag an Treoir maidir leis an Danmhairg i gcomhréir le seasamh na Danmhairge a leagtar amach i bPrótacal Uimh. 22 a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Geallann ardáin a shíníonn an Cód Iompair+ go rachaidh siad i mbun comhar tionscail agus fóraim il-pháirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an gcosc ar fhuathchaint neamhdhleathach, lena n-áirítear maidir le daoine LADTIA+. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chur chun feidhme an Chóid Iompair+, éascóidh sé athbhreithniú tráthrialta an Chóid agus an t-oiriúnú a dhéanfar air, agus cuirfidh sé tacaíocht ar fáil d'ardáin, lena n-áirítear trí **mhol eolais ar líne** ina mbaileofar le chéile acmhainní ábhartha maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne.

Tá dlúthfhaireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún freisin ar chur chun feidhme an leagain athbhreithnithe den [**Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc**](#) ag na Ballstáit. Neartaíonn an Treoir an chosaint in aghaidh ábhar lena ngrósaítear fuath nó foréigean agus toirmiscítear cumarsáid chlosamhairc idirdhealaitheach tráchtála, lena n-áirítear ar fhorais gnéis nó gnéaschlaonta.

Is ábhar inní tromchúiseach atá ag dul i méid iad an chibearbhulaíocht agus cineálacha eile foréigin a éascaítear leis an teicneolaíocht agus déanann siad difear díréireach do dhaoine óga LADTIA+⁽²⁸⁾. Beidh sé d'aidhm ag **plean gníomhaíochta an Choimisiúin atá le teacht maidir leis an gcibearbhulaíocht** iompar mí-úsáideach ar líne a chosc, lena n-áirítear nuair a dhíríonn sé ar dhaoine óga LADTIA+. Déanfaidh an Coimisiún **fiosrúchán uile-Aontais** freisin **ar éifeachtaí na meán sóisialta ar an bhfolláine**, agus béim a leagan ar dhaoine óga, lena n-áirítear iad siúd ón bpobal LADTIA+.

1.4. Cosaint a áirithiú d'iarratasóirí LADTIA+ ar chosaint idirnáisiúnta agus d'imircigh

Bíonn rioscaí trasnacha agus breise ann d'iarrthóirí tearmainn LADTIA+ ar a mbealach chun an Aontais agus/nó ar theacht isteach san Aontas dóibh agus d'fhéadfadh riachtanais a bheith acu seachas mar a bheadh ag iarratasóirí eile. De réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, bhí 54 % de na daoine LADTIA a thug le fios gur **iarrthóirí tearmainn nó dídeanaithe** iad a ndearnadh idirdhealú orthu sa bhliain roimh an suirbhé (cuid mhaith níos airde ná an meán de 37 % i measc na bhfreagróirí LADTIA uile). Tá siad go mór i mbaol ciaptha agus foréigin freisin agus d'fhéadfaí cúnamh dlíthiúil nó cúram sláinte sonracha, amhail cóireáil hormóin, a bhaint díobh⁽²⁹⁾.

Leis an [**gcomhaontú maidir le himirce agus tearmann**](#) neartaíodh coimircí agus ráthaíochtaí d'iarratasóirí leochaileacha ar chosaint idirnáisiúnta, lena n-áirítear daoine LADTIA+. De réir [**suirbhé 'Being Black in the EU' de chuid FRA**](#), i measc daoine de bhunadh Afracach, is mó idirdhealú a ndéantar ar dhaoine a dhéanann sainaithint orthu féin mar mhionlach - lena n-áirítear cé acu a dhéantar nó nach ndéantar an tsainaithint ar bhonn gnéaschlaonadh, féiniúlacht/léiriú inscne nó tréithe gnéis. Is féidir go gcuirfí le leochaileacht na ndaoine aonair sin de bharr foinsí breise idirdhealaithe a bheith rompu, amhail bacainní i ndáil le míchumas.

⁽²⁸⁾ Féach an [**staidéar**](#) a rinne Eagraíocht Idirnáisiúnta na nÓg agus na Mac Léinn Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Aiteach agus Idirghnéasach (IGLYO).

⁽²⁹⁾ Féach UNCHR, [*Protecting LGBTIQ+ persons in situations of forced displacement: A Stocktaking on UNHCR progress since the 2021 Roundtable*](#), Meitheamh 2023.

Leis an [bplean gníomhaíochta um imeascadh agus cuimsiú 2021-2027](#), ina n-aithnítear na dúshláin iomadúla thrasnacha roimh imircigh LADTIA, leanfaidh an Coimisiún de shineirgí a fhorbairt. Ina theannta sin, faoi **chreat straitéiseach an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach** agus faoi **straitéis frithchinióchais 2026-2030** atá le teacht, leanfaidh an Coimisiún de dhul i ngleic leis na dúshláin roimh dhaoine LADTIA+ ciniúlaithe.

Tá an Coimisiún ag oibriú i gcomhar le **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)**, leis an **nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)** agus leis na Ballstáit chun uirlisí a fhorbairt a chuideoidh chun iarratasóirí leochaileacha a shainaithint i dtús próisis agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh⁽³⁰⁾. Tríd an **gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)** agus tríd an **Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda**, nó aon ionstraim a thiocfaidh ina diaidh, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leanúint de thionscnaimh a mhaoiniú chun coimircí a áirithiú le haghaidh iarratasóirí agus iarratasóirí leochaileacha, lena n-áirítear tacaíocht leordhóthanach d'iarratasóirí LADTIA+.

Príomhghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach:

- ✓ Cleachtais tiontúcháin a chomhrac, ar bhonn torthaí staidéir thiomnaithe, agus an tionscnamh Eorpach gaolmhar ó na saoránaigh maidir leis an topaic seo á chur san áireamh.
- ✓ Féachaint ar roghanna dlíthiúla chun an creat dlí choiriúil a neartú chun an fhuathchaint agus an fhuathchoireacht a chomhrac laistigh d'fhorálacha na gConarthaí atá ann cheana.
- ✓ Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chóid Iompair+ maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne a chomhrac agus mol eolais ar líne a chruthú lena mbaileofar acmhainní ábhartha maidir le fuathchaint neamhdhleathach ar líne.
- ✓ Plean gníomhaíochta maidir leis an gcibearbhulaíocht a ghlacadh faoi 2026.

2. CUMHACHTÚ

Le blianta beaga anuas, chuidigh dul chun cinn reachtach agus beartais le sochaithe níos cuimsithí a chruthú, lena n-áirítear le haghaidh daoine LADTIA+. Léirítear sa tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA go **bhfuil daoine LADTIA+ níos oscailte** faoina ngnéaschlaonadh, faoina bhféiniúlacht inscne nó faoina tréithe gnéis ina dtimpeallacht shóisialta (52 %, suas 6 phointe céatadán ó 2019), agus an treocht sin níos soiléire maidir le daoine trasinscneacha agus idirghnéasacha.

Trí rochtain ar fhostaíocht, ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar sheirbhísí poiblí eile a áirithiú do dhaoine LADTIA+, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta, baintear leas as a n-acmhainneacht agus cuirtear ar a gcumas dóibh rannchuidiú go hiomlán lena bpobail agus leis an ngeilleagar. Trí chuimsiú a chur chun cinn, neartaítear an comhtháthú sóisialta agus cuirtear borradh faoi nuálaíocht, táirgiúlacht agus iomaíochas domhanda an Aontais. Athdhearbhaítear leis an straitéis seo tiomantas an Choimisiúin **daoine LADTIA+ a chumhachtú chun maireachtáil ar bhealach saor agus comhionann** sna réimsí uile den saol agus le linn dóibh gluaiseacht ar fud na mBallstát.

⁽³⁰⁾ [Táirgí EUAA \(europa.eu\)](#).

2.1 Dúshraith a leagan síos chun daoine LADTIA+ a chumhachtú

Tá sé rithabhachtach **cuimsiú a chur chun cinn ó aois óg** ar mhaithe le folláine agus forbairt daoine LADTIA+. Cuidíonn timpeallachtaí cuimsitheacha tacúla le daoine óga muinín, athléimneacht agus tuiscint dhearfach ar a bhféiniúlacht féin a chothú, agus comhbhá agus meas á gcothú i measc gach duine. Nuair a fhásann leanaí aníos i dtimpeallachtaí ina ndéantar ceiliúradh ar an éagsúlacht, is mó seans go mbeidh rath orthu ó thaobh na hacadúlachta agus mothúchán de, agus go sóisialta, agus na luachanna cuimsitheacha sin a thabhairt isteach san aosacht, agus iad a chur ar aghaidh chuig na glúnta atá le teacht.

Mar sin féin, mar a leagtar amach cheana sa [straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025](#), bíonn stiogma agus idirdhealú roimh leanaí de theaghlaigh bogha ceatha agus roimh dhaoine óga LADTIA+ ó aois óg go minic. Thairis sin, de réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, thuairiscigh dhá thrían de na daoine LADTIA (67 %) gur fhulaing siad, le linn a dtréimhse ar scoil, bulaíocht, magadh, fonóid, maslaí nó bagairtí. D'fhéadfadh éifeachtaí fadtéarmacha a bheith ag na heachtraí sin.

Leanfaidh an Coimisiún de dhea-chleachtais a mhalartú maidir le hoideachas sábháilte cuimsitheach a éascú do chách i measc na mBallstát agus saineolaithe laistigh de **mheithleacha chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais**. Leis an ngníomhaíocht sin, léireofar an bhéim a chuireann na páirtithe leasmhara ar oideachas le linn comhairliúchán sa straitéis.

Neartaítear na hiarrachtaí sin a thuilleadh le [straitéis an Aontais um chearta an linbh](#) agus le Lónra an Aontais Eorpaigh um Chearta an Linbh. Le Moladh 2024 maidir le córais chomhtháite cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú chun leas an linbh, spreagtar cur chuige ildisciplíneach i leith cosaint leanaí. Tacaíonn sé leis na Ballstáit a gcórais cosanta leanaí a fhorbairt agus a neartú de réir riachtanais leanaí agus chun leas leanaí. Ina theannta sin, cuireann **Ardán an Aontais um Rannpháirtíocht Leanaí** spás cuimsitheach ar fáil do leanaí an Aontais chun topaicí atá tábhachtach dóibh a phlé le lucht ceaptha beartas.

Cuirfidh an Coimisiún freisin leis an tionscnamh [Bauhaus Eorpach Nua](#), lena nasctar inbhuanaitheacht, cuimsiú agus aeistéitic, chun spásanna sábháilte fáilteacha a chur chun cinn do chách. Trí dhearadh cuimsitheach a chothú i spásanna poiblí, i scoileanna agus i bpobail, is féidir leis an Bauhaus Eorpach Nua rannchuidiú le stiogma a laghdú, feabhas a chur ar infheictheacht, agus timpeallachtaí a chruthú ina gcuimsítear daoine LADTIA+ agus inar féidir leo a bheith sábháilte agus meas a bheith orthu.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil le heagraíochtaí óige atá ag iarraidh tacú le cearta daoine óga LADTIA+ trí [Ghrúpa an Aontais um Páirtithe Leasmhara na hÓige](#). Is tosaíocht fós é a áirithiú go mbeidh deiseanna cuimsitheacha ag daoine óga le haghaidh forbairt ghairmiúil agus phearsanta. Leanfaidh an Coimisiún de dhul i ngleic le bacainní a bhaineann le hidirdhealú i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige agus an spóirt le hionstraimí

caiteachais ábhartha de chuid an Aontais, amhail **clár Erasmus+** agus **clár an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh**⁽³¹⁾.

Maidir leis an gcúram sláinte, tuairiscíonn 14 % de dhaoine LADTIA go ndéanann gairmithe cúraim sláinte idirdhealú orthu, de réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA. D'fhéadfadh éagothromaíochtaí coisc, diagnóisithe agus cóireála a eascairt as sin toisc nach mbacann go leor díobh le cúram leighis a lorg ar fhaitíos an doichill. Chun dul i ngleic leis na neamhionannais sláinte sin, leanfaidh an Coimisiún d'fheasacht a mhúscailt, d'fhaisnéis a chomhroinnt agus de chomhroinnt eolais a éascú, lena n-áirítear trí [ardán bheartas sláinte an Aontais](#), tríd an [tairseach um dea-chleachtas sláinte poiblí](#) agus trí thacú le tionscadail taighde maidir le rochtain níos fearr ar sheirbhísí sláinte agus cúraim tríd an gclár **Fís Eorpach**. Chun feasacht a mhúscailt maidir le saincheisteanna LADTIA+ i measc gairmithe cúraim sláinte, chuir an Coimisiún ábhar oiliúna ó [thionscadal HEALTH4LGBTI](#) ar fáil do na Ballstáit.

Maidir le cúram coisctheach, leanfaidh an Coimisiún de dhíriú ar na daoine sin a bhfuil leochaileachtaí trasnacha agus neamhionannais sláinte rompu. Maidir le rialú ailse, leanfar de fhreastal ar riachtanais daoine i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear daoine LADTIA+, trí [phlean sáraithe ailse na hEorpa](#) a chur chun feidhme, agus i g [Clárann Éagothromaíochtaí Ailse na hEorpa](#) sainaithneofar treochtaí agus éagothromaíochtaí maidir le cosc agus cúram ailse. Mar shampla, tá na rátaí ailse a bhaineann leis an bpapalómaivíreas daonna (HPV) agus le heipitíteas B (HBV) an-ard i measc daoine LADTIA+⁽³²⁾. Tacóidh an Coimisiún le **feachtais múscailte feasachta fianaisebhunaithe** a neartú agus a chur chun feidhme **maidir leis an tábhacht a bhaineann le vacsaíní HPV agus HBV mar uirlisí éifeachtacha chun ailse a chosc**. Cuimseofar daoine LADTIA+ sna feachtais sin agus cuirfear sainiúlachtaí inscne san áireamh i gcás inarb ábhartha.

Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún dá thacaíocht do **straitéisí earnáil sláinte domhanda na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) maidir le VEID agus comh-ionfhabhtuithe gaolmhara**, heipitíteas víreasach agus ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha. Oibreoidh sé freisin le Fóram Sochaí Sibhialta HERA, a bunaíodh faoin Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), chun bacainní sistéamacha a shainaithint le haghaidh daoine atá i staideanna leochaileacha, daoine LADTIA+ mar shampla, maidir le rochtain ar vacsaíní, ar theiripic agus ar dhiagnóisic, mar chuid de [straitéis an Aontais um frithbhearta leighis](#).

Is réimse criticiúil eile í **an mheabhairshláinte** ina bhfuil rioscaí méadaithe do dhaoine LADTIA+. Tá daoine LADTIA+ faoi mhíchumas, go háirithe, i mbaol méadaithe foréigin, ciaptha agus saincheisteanna meabhairshláinte ina dhiaidh sin: de réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, thuairiscigh 66 % de dhaoine LADTIA faoi mhíchumas gur smaoinigh siad ar an bhféinmharú sa bhliain roimh an suirbhé.

⁽³¹⁾ [Cinneadh Cur Chun Feidhme \(AE\) 2021/1877 ón gCoimisiún an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an gcreat i ndáil le bearta maidir leis an gcuimsiú de chuid chlár Erasmus+ agus chlár an Chóir Dlíthpháirtíochta Eorpaigh 2021-2027](#) (IO L 378, 26.10.2021, lch. 15).

⁽³²⁾ Féach Moradi, Ghobad, et al. *The prevalence of hepatitis C and hepatitis B in lesbian, gay, bisexual and transgender populations: a systematic review and meta-analysis*. *European Journal of Medical Research*, iml. 27, 2022, <https://doi.org/10.1186/s40001-022-00677-0> agus Sherry, Alexander D., et al. *Overall Survival and Quality-of-Life Superiority in Modern Phase 3 Oncology Trials: A Meta-Epidemiological Analysis*. *JAMA Oncology*, iml. 11, uimh. 7, 2025, lgh. 718–724, <https://doi.org/10.1001/jamaoncol.2025.1002>

Leanfaidh Coimisiún de bheith ag díriú ar dhaoine i staideanna leochaileacha tríd an [Teachtaireacht maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte](#), lena n-áirítear pacáiste tacaíochta an Aontais maidir le stiogma agus idirdhealú⁽³³⁾. Cothóidh sé sineirgí freisin leis an [straitéis maidir le cearta daoine faoi mhíchumas 2021-2030](#) agus cuirfidh sé malartú dea-chleachtas chun cinn maidir leis an ábhar sin tríd an Ardán Míchumais.

Leanfaidh an Coimisiún den éagsúlacht agus den chuimsiú a chur chun cinn le [clár Eoraip na Cruthaitheachta](#) (agus ar cheart clár AgoraEU 2028-2034 atá beartaithe, agus atá sa phróiseas reachtach faoi láthair, a bheith ann ina dhiaidh sin).

Leanfaidh an Coimisiún de thionscnaimh a cheiliúradh lena léirítear ról an spóirt i gcur chun cinn an chomhionannais agus na héagsúlachta trí [#BeActive EU Sport Awards](#) agus lena músclófar feasacht le linn [Seachtain Eorpach an Spóirt](#) agus trí Fhóram Spóirt bliantúil an Aontais. Cuirfidh sé malartuithe dea-chleachtais maidir le conas rochtain chomhionann ar spórt a áirithiú chun cinn i measc na mBallstát freisin.

Tríd an ngrúpa **Modh Oscailte Comhordúcháin (MOC) ‘Ag comhrac in aghaidh na fuathchainte sa spórt’**, a cruthaíodh faoi [phlean oibre an Aontais Eorpaigh don spórt 2024-2027](#), cuirfidh an Coimisiún fóram ar fáil do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara chun cleachtais a chomhroinnt agus moltaí a fhorbairt maidir le conas a áirithiú gur spás sábháilte cuimsitheach do chách é an spórt agus conas fuathchaint sa spórt, ag díriú ar dhaoine LADTIA+ mar shampla, a chomhrac.

Maidir le hiompar, leanfaidh an Coimisiún d’fheabhas a chur ar an éagsúlacht, ar an gcomhionannas agus ar an gcuimsiú leis an líonra [Ambasadóirí le haghaidh #DiversityInTransport](#) agus áiritheoidh sé go mbeidh na beartais cuimsitheach.

Tá tírdhreach na teicneolaíochta á athrú ó bhonn go tapa ag an intleacht shaorga (IS) a bhfuil an-acmhainneacht aici feabhas a chur ar shaol daoine agus tionscail a athrú ó bhonn. Mar sin féin, baineann dúshlán leis an acmhainneacht sin freisin, go háirithe an baol go ndéanfar claontachtaí atá ann cheana a threisiú⁽³⁴⁾. Chun dul i ngleic leis sin, cuirtear toirmeasc leis an [nGníomh um an Intleacht Shaorga](#) ar chórais IS lena ndéantar daoine aonair a chatagóiriú bunaithe ar a sonraí bithmhéadracha chun a ngnéaschlaonadh a chur in iúl nó a dhéanann dochar d’úsáideoirí trína leochaileachtaí a ionramháil, a mheabhlú nó teacht i dtír orthu.

Ina theannta sin, ní mór do sholáthraithe córas IS ardriosca smaoineamh ar na rioscaí do chearta bunúsacha, lena n-áirítear neamh-idirdhealú, sula ndéanfar a gcórais a chur in úsáid. Agus na rialacha sin á gcur chun feidhme, díreoidh an Coimisiún ar an idirdhealú ar fhoras éagsúil, lena n-áirítear gnéaschlaonadh, féiniúlacht/léiriú inscne nó tréithe gnéis. Chun ceapadh beartas eolasach a chothú, cuirfidh an Coimisiún ardán plé ar fáil freisin maidir le **sonraí comhionannais agus IS** do na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún freisin **treochlár 2030 maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha** a thíolacadh mar chuid [d’Aontas na Scileanna](#).

⁽³³⁾ [Meabhairshláinte \(europa.eu\)](#).

⁽³⁴⁾ Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), [Bias in algorithms - Artificial intelligence and discrimination](#) [Claontacht in algartaim – Intleacht shaorga agus idirdhealú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

Beartaítear leis an treochlár creat um litearthacht IS a chur i bhfeidhm le haghaidh an bhunoideachais agus an mheánoideachais, lena neartófar na hiarrachtaí maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis agus mífhaisnéis trí oideachas sa litearthacht dhigiteach, lena dtugtar aghaidh ar an ngá atá le sábháilteacht ar líne agus le folláine dhigiteach agus lena dtabharfar dúshlán steiréitíopaí ó aois óg.

De réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, thuairiscigh leispiagh (42 %) agus mná trasinscneacha (64 %) na rátaí ab airde idirdhealaithe i dtéarmaí gnéaschlaonta agus féiniúlacht inscne faoi seach. D'fhéadfadh go ndéanfaí idirdhealú ar mhná LBTIQ+ mar mhná agus mar dhaoine LBTIQ+ araon. Cuirfear an dearcadh trasnach sin san áireamh sa straitéis nua LADTIA+ seo. Beidh feidhm ag na gníomhaíochtaí agus na bearta a mholtar sa **straitéis um chomhionannas inscne 2026-2030** atá le teacht maidir le mná agus cailíní ó thaobh na héagsúlachta ar fad.

2.2 Daoine LADTIA+ a chumhachtú tríd an bhfostaíocht agus tríd an gcuimsiú sóisialta

Spreagann an éagsúlacht agus an cuimsiú an nuálaíocht agus neartaíonn siad iomaíochas na hEorpa. Baineann áiteanna oibre cuimsitheacha a thacaíonn le daoine LADTIA+ tairbhe as dearchtaí níos leithne, as cruthaitheacht agus as réiteach fadhbanna. Léirítear sa tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA gur tháinig laghdú ar an idirdhealú fostaíochta foriomlán (18 %, 3 phointe céatadáin níos lú ó 2019), lena n-áirítear nuair a bhíonn post á lorg (9 %, 1 phointe céatadáin amháin níos lú). Thairis sin, léiríonn fianaise gur mór ag cuardaitheoirí poist beartais maidir le héagsúlacht agus cuimsiú nuair a bhíonn post á lorg, rud a léiríonn a thábhachtaí atá beartais den sórt sin chun tallann a mhealladh agus a choinneáil⁽³⁵⁾.

Leis an [Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta](#), cumhdaíodh i ndlí an Aontais an ceart chun obair a dhéanamh saor ó idirdhealú agus ó chiapadh bunaithe ar ghnéaschlaonadh, i measc forais eile. Leanfaidh an Coimisiún de chur i bhfeidhm dian na Treorach sin a áirithiú agus foilseoidh sé tuarascáil maidir lena cur i bhfeidhm in 2026. Ar bhonn an [Staidéir maidir le smachtbhannaí i leith idirdhealú](#), tá an Coimisiún ag breithniú bearta breise a dhéanamh chun cuidiú leis na Ballstáit a áirithiú maidir leis na smachtbhannaí a ghlactar faoin dlí náisiúnta faoin Treoir maidir le Comhionannas Fostaíochta go mbeidh siad éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Leis an soiléiriú sa [Treoir maidir le Trédharcacht Pá](#) go n-áirítear idirdhealú trasnach i gcoincheap an idirdhealaithe, neartófar an ceart chun pá chomhionann, i gcás ina bhfuil idirdhealú ar bhonn gnéis níos measa mar shampla mar gheall ar idirdhealú ar bhonn gnéaschlaonta.

Tá sé beartaithe ag [Líonra Eorpach na saineolaithe dlí maidir le comhionannas inscne agus neamh-idirdhealú](#) tuarascáil acadúil a fhoilsiú freisin **maidir le cásdlí CBAE a bhaineann le cearta daoine LADTIA**. Déanfar anailís sa tuarascáil sin ar na forbairtí sa réimse sin le tríocha bliain anuas.

⁽³⁵⁾ Féach [Business case of diversity and inclusion at work](#) [Cás gnó maidir le héagsúlacht agus cuimsiú ag an obair], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt freisin d'Uachtaránachtaí na Comhairle agus do na Ballstáit ar gach bealach is féidir chun teacht ar an gcomhaontú d'aon ghuth is gá maidir le [togra le haghaidh na Treorach maidir le Cóir Chomhionann](#). Is bunchloch é an togra sin chun tosaíocht de chuid an Choimisiúin a bhaint amach, is é sin Aontas an Chomhionannais a thógáil, agus is é is aidhm dó bearna mhór a líonadh i ndlí an Aontais maidir leis an neamh-idirdhealú. Leathnódh sé an chosaint ar idirdhealú ar fhorais gnéaschlaonta, i measc nithe eile, lasmuigh de réimse na fostaíochta go dtí réimsí amhail cosaint shóisialta, oideachas agus tithíocht.

Chun a áirithiú gur féidir le **comhlachtaí comhionannais** rannchuidiú go héifeachtach le Treoracha comhionannais an Aontais a fhorfheidhmiú, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar Treoracha [2024/1500](#) agus [2024/1499](#) a thrasú mar is ceart agus ina n-iomláine. Is é is aidhm do na Treoracha neamhspleáchas, cumhachtaí agus acmhainní na gcomhlachtaí comhionannais a ráthú lena gceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le comhlachtaí comhionannais cuidiú le híospartaigh, agus sainordú na gcomhlachtaí comhionannais a leathnú chuig idirdhealú san fhostaíocht bunaithe ar ghnéaschlaonadh. Neartaíonn siad freisin an chosaint d'íospartaigh an idirdhealaithe a bhunaítear ar athshannadh a n-inscne⁽³⁶⁾, i gcás ina n-aithnítear idirdhealú den sórt sin faoi dhlí an Aontais. In 2026, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena mbunófar táscairí maidir le feidhmiú na gcomhlachtaí comhionannais, lena n-áirítear maidir leis an idirdhealú a chomhrac.

Mar '**caomhnóir na gConarthai**', déanfaidh an Coimisiún faireachán ar chomhlíonadh dhlí an Aontais ag na Ballstáit, úsáidfídh sé na hionstraimí uile atá ar fáil dó chun luachanna an Aontais a chosaint agus ní bheidh drogall air na bearta a dhéanamh, i gcás inarb iomchuí, mar a rinne sé roimhe seo. Mar shampla, i mí Iúil 2022, tharchuir an Coimisiún an Ungáir chuig CBAE maidir le rialacha náisiúnta lena ndéantar idirdhealú in aghaidh daoine bunaithe ar a ngnéaschlaonadh agus ar a bhféiniúlacht inscne⁽³⁷⁾. Mheas an Coimisiún gur sháraigh na rialacha sin roinnt dlíthe de chuid an Aontais, lena n-áirítear rialacha an mhargaidh aonair, cearta bunúsacha daoine aonair, go háirithe daoine LADTIA, agus luachanna coiteanna atá i gcroílár an Aontais (Airteagal 2 CAE). Rinne sé Bhallstát déag agus Parlaimint na hEorpa idirghabháil sna himeachtaí chun tacú leis an gCoimisiún. D'eisigh an tAbhcóide Ginearálta [tuairim](#) an 5 Meitheamh 2025. Tá breithiúnas CBAE ar feitheamh tráth ghlacadh na straitéise seo.

I réimse **bhainistiú na héagsúlachta**, athdhearbhaíonn an Coimisiún a thiomantas buanseasmhach d'éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn san áit oibre, go háirithe tráth atá níos mó brú siar sa réimse sin. Léiríonn [fianaise ó ECFE](#) gur dóchúla go ndéanfaidh cuideachtaí a chuireann an éagsúlacht agus an cuimsiú chun cinn go gníomhach tallann a mhealladh agus a choinneáil, nuálaíocht a chothú agus torthaí airgeadais níos láidre a bhaint amach.

⁽³⁶⁾ Mar atá sainmhínithe ag [an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne](#): Is téarma é 'athshannadh inscne' a thagraíonn don tacar beart leighis ar féidir leo, ach nach gá, cóireálacha síceolaíocha, inchríneolaíochta agus máinliachta a áireamh iontu atá dírithe ar chuma fhísiciúil duine a ailíniú lena bhféiniúlacht inscne.. Baineadh úsáid as an téarma sna breithiúnais i gCás C-423/04, *Richards*, 27.4.2006, EU:C:2006 agus Cás C-117/01, *K.B. v Gníomhaireacht Náisiúnta na Seirbhíse Sláinte um Pínsín agus an Státrúnaí Sláinte*, 7.1.2004, EU:C:2004:7.

⁽³⁷⁾ C-769/22 An Coimisiún v An Ungáir, Valeurs de l'Union.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag neartú iarrachtaí atá dírithe ar dhaoine LADTIA+ laistigh de [Ardáin an Aontais Eorpaigh le haghaidh cairteacha um an éagsúlacht](#). Oibreoidh an tArdán i ndlúthchomhar leis an ngrúpa saineolaithe um chomhionannas LADTIA+ chun idirphlé a éascú agus treoraíocht a thabhairt, mar shampla, maidir le **cleachtais earcaíochta chuimsitheacha**. Cuirfear san áireamh dea-chleachtais a tháinig chun cinn i gcomhthéacs tionscnamh cuimsitheach fostaíochta, amhail an [Pacáiste Fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas](#), lena n-áirítear d'fhonn cineálacha cur chuige trasnach a chothú. Is díol sásaimh don Choimisiún an [gealltanús](#) a cuireadh le Cairteacha um am Éagsúlacht⁽³⁸⁾ faoi bhráid an Choimisiúin an 29 Aibreán 2025 chun áiteanna oibre níos cuimsithí a chur chun cinn.

Agus dea-shampla á thabhairt ag an gCoimisiún, neartóidh sé iarrachtaí inmheánacha um an éagsúlacht agus um chuimsiú. Chuige sin, beidh idirphlé tráthrialta ag **Oifig an Choimisiúin um Éagsúlacht agus Cuimsiú** le comhlachais foirne ábhartha agus nascfaidh sí fostaithe LADTIA+ le seirbhísí a chuireann comhairleoireacht agus cabhair dhlíthiúil ar fáil. Cuirfidh sí bearta chun cinn freisin chun próisis riaracháin a shimpliú do bhaill foirne LADTIA+ agus oibreoidh sí i dtreo an t-aitheantas a thugtar do theaghlaigh bogha ceatha a chomhchuibhiú ar fud institiúidí. Déanfaidh an Príomhchomhairleoir Iontaoibhe an ciapadh a chomhrac. Ar deireadh, leanfaidh an Coimisiún de shonraí comhionannais a bhailiú trí shuirbhéanna tráthrialta foirne chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

Cuireann idirdhealú agus easpa glacadh sóisialta le leibhéal arda bochtaineachta agus easpa dídine i measc daoine LADTIA+. De réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, thuairiscigh 38 % de na freagróirí go raibh ‘deacrachtaí móra’ acu greim a choinneáil faoin bhfiacail (i gcomparáid le 22 % den phobal i gcoitinne, bunaithe ar an [Suirbhé Eorpach ar Cháilíocht Saoil 2023](#)) agus b'éigean do 13 % díobh fanacht le cairde agus le gaolta ar bhonn sealadach. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin sin, foilseoidh an Coimisiún, faoi thús 2027, **staidéar ar éagothromaíocht agus idirdhealú maidir le tithíocht** le cur chuige trasnach. Cuirfidh na torthaí le cur chun feidhme an phlean Eorpaigh um thithíocht inacmhainne agus cuirfidh siad ar a chumas don Choimisiún gníomhaíocht iomchuí a dhéanamh chun tithíocht shábháilte, inrochtana agus neamh-idirdhealaitheach a chur chun cinn, lena n-áirítear i gcomhar leis na Ballstáit.

Chun rochtain ar chosaint agus seirbhísí fíor-riachtanacha a áirithiú agus dul i ngleic le bunchúiseanna leis an mbochtaineacht, seolfaidh an Coimisiún **straitéis AE i gcoinne na bochtaineachta**, a chéad straitéis riamh ar an ábhar, go luath in 2026, arb é is aidhm di aghaidh a thabhairt ar chineál ilghnéitheach na bochtaineachta agus na héagothromaíochtaí struchtúracha.

Ina theannta sin, cuirfidh an Coimisiún lánpháirtiú socheacnamaíoch na bpobal imeallaithe chun cinn le hionstraimí caiteachais an Aontais, amhail **Ciste Sóisialta na hEorpa Plus** sa chlárthréimhse reatha agus na [pleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí](#) atá beartaithe tar éis 2028. Mar chuid den **Ardán Eorpach chun an easpa dídine a chomhrac**, cuirfidh an Coimisiún dlús freisin lena iarrachtaí riachtanais grúpaí leochaileacha a

⁽³⁸⁾ Tá 27 gCairt um an Éagsúlacht ann, ceann amháin in aghaidh gach Ballstáit. Is eagraíochtaí iad atá lonnaithe sna Ballstáit den Aontas Eorpach a thugann tacaíocht do na mílte cuideachtaí ilnáisiúnta, FBManna agus eagraíochtaí poiblí agus a chuireann dea-chleachtas maidir le bainistiú na héagsúlachta chun cinn.

phríomhshruthú agus tacóidh sé le cineálacha cur chuige fianaisebhunaithe, comhtháite agus duinelárnach chun an easpa dídine a chomhrac.

2.3 Cearta comhionanna thar theorainneacha a áirithiú

San Aontas, tá comhionannas pósta agus/nó páirtnéireachtaí sibhialta ag daoine LADTIA+ in 22 Bhallstát. Trí **aitheantas comhionann a áirithiú do chaidreamh teaghlaigh ar fud an Aontais**, neartaítear cearta, slándáil agus folláine teaghlach LADTIA+, rud a chuireann ar a gcumas dóibh tairbhe iomlán a bhaint as a saol teaghlaigh agus páirt chomhionann a ghlacadh sa tsochaí, is cuma cén áit a bhfuil cónaí orthu. Mar gheall ar dhifríochtaí sa dlí teaghlaigh i measc na mBallstát áfach, d'fhéadfadh sé nach n-aithneofaí naisc theaghlaigh a thuilleadh i gcásanna trasteorann. De réir an tríú suirbhé LADTIA de chuid FRA, bhí deacrachtaí ag 14 % de thuismitheoirí LADTIA aitheantas dlíthiúil a fháil dá dtuismíocht i mBallstát eile.

Seasann dlí an Aontais maidir leis an tsaorghluaiseacht, go háirithe an [Treoir maidir le Saorghluaiseacht](#) mar aon le cearta bunúsacha faoin gCairt um Chearta Bunúsacha, leis an gceart atá ag saoránaigh uile an Aontais agus ag baill dá dteaghlaigh, lena n-áirítear céilí comhghnéis agus páirtithe comhghnéis agus a leanaí, gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh den Aontas. Tá an Coimisiún tiomanta do chur i bhfeidhm cuí rialacha an Aontais maidir le saorghluaiseacht, cearta bunúsacha agus breithiúnais ábhartha ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) a áirithiú⁽³⁹⁾. Chuige sin, d'fhoilsigh an Coimisiún, i mí na Nollag 2023, an [Treoraíocht maidir leis an gceart chun saorghluaiseachta atá ag saoránaigh an Aontais agus ag a dteaghlaigh](#) lena ndéantar foráil maidir leis na soiléirithe is gá ar shaincheisteanna sonracha a sainaithníodh agus an *acquis* á chur i bhfeidhm, lena n-áirítear maidir le teaghlaigh bogha ceatha.

An tráth céanna, leanfaidh an Coimisiún d'fheasacht a mhúscailt maidir leis na cearta sin, lena n-áirítear trí **thacú le hoiliúint do dhlíodóirí**, go háirithe breithiúna agus ionchúisitheoirí, agus trína bhealaí cumarsáide (e.g. [An Eoraip Agatsa](#)). Más gá, ní bheidh drogall ar an gCoimisiún gníomhaíocht bhreise a dhéanamh de réir mar is iomchuí chun na cearta sin a chaomhnú.

Cé go dtagann an dlí teaghlaigh substainteach faoi inniúlacht na mBallstát, is féidir leis an Aontas bearta a ghlacadh a bhfuil impleachtaí trasteorann acu. Ceadáítear cheana féin le roinnt ionstraimí⁽⁴⁰⁾ aitheantas frithpháirteach a thabhairt do bhreithiúnais maidir le colscaradh, freagrachtaí tuismitheora, cothabháil, socruithe maoine agus comharbas. Tá feidhm ag na hionstraimí sin maidir le gach duine, gan beann ar a ngnéaschlaonadh ná a bhféiniúlacht inscne, agus dá bhrí sin tá feidhm iomlán acu maidir le daoine LADTIA+. Déanfaidh an Coimisiún **faireachán agus forfheidhmiú**, i gcás inar gá, ar an gcaoi a gcuireann na Ballstáit na hionstraimí sin i bhfeidhm ar theaghlaigh bogha ceatha i gcásanna trasteorann. **Rachaidh an Coimisiún i mbun plé leis na Ballstáit** freisin chun aon dúshlán phraiticiúil roimh theaghlaigh bogha ceatha i gcásanna trasteorann a shainaithint.

⁽³⁹⁾ Féach breithiúnas an 5 Meitheamh 2018, C-673/16, *Coman*, EU:C:2018:385; breithiúnas an 14 Nollaig 2021, C-490/20, *V.M.A.*, EU:C:2021:1008; ordú an 24 Meitheamh 2022, C-2/21, *K.S.*, EU:C:2018:385; breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2024, Cás C-4/23, *Mirin*, EU:C:2024:845, breithiúnas an 3 Aibreán 2024, Cás C-713/23, *Wojewoda Mazowiecki*, EU:C:2025:235 agus Cás C-43/24, *Shipov*.

⁽⁴⁰⁾ Féach, mar shampla, [Rialachán 2019/1111](#) maidir le hábhair i dtaca le pósadh agus le freagracht tuismitheora, [Rialachán 4/2009](#) maidir le hoibleagáidí cothabhála, [Rialachán 2016/1103](#) maidir le réimis maoine pósta, [Rialachán 2016/1104](#) maidir le hiarmhairtí eacnamaíocha páirtnéireachtaí cláraithe, agus [Rialachán 650/2012](#) maidir le comharbas.

Le dlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht, ceanglaítear cheana ar Bhallstáit tuismíocht linbh a aithint mar a shuítear i mBallstát eile, ionas gur féidir le leanaí na cearta a dhíorthaíonn siad ó dhlí an Aontais a fheidhmiú. Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit an [rialachán](#) atá beartaithe a ghlacadh chun cosaint chearta an linbh i gcásanna trasteorann a neartú trí **rialacha na mBallstát maidir leis an dlí idirnáisiúnta príobháideach i ndáil le tuismíocht a chomhchuihbhiú**. D'áiríteofaí leis an togra go n-aithneofaí tuismíocht linbh, mar a shuítear i mBallstát, sna Ballstáit eile uile chun na gcríoch uile thar an méid atá á áirithiú cheana féin faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht. Tá caibidlíocht fós ar siúl sa Chomhairle maidir leis an togra sin, ar gá é a ghlacadh d'aon toil.

Tá éagsúlacht shuntasach sna ceanglais maidir le haitheantas dlíthiúil inscne ar fud na mBallstát. Cé go bhfuil samhlacha féinchinntiúcháin glactha ag roinnt Ballstát, forchuireann Ballstáit eile gnáthaimh mhíochaine, a chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine a bheith ina sárú ar chearta an duine⁽⁴¹⁾. **Éascóidh an Coimisiún malartuithe dea-chleachtas i measc na mBallstát** chun tacú le forbairt gnáthamh dlíthiúil um inscne a aithint bunaithe ar fhéinchinntiúchán atá saor ó shrianta aoise.

Príomhghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach:

- ✓ Leanúint de thacaíocht a thabhairt freisin d'Uachtaránachtaí na Comhairle agus do na Ballstáit ar gach bealach is féidir chun teacht ar an gcomhaontú d'aon ghuth is gá maidir le togra le haghaidh na Treorach maidir le Cóir Chomhionann.
- ✓ Tuarascáil a fhoilsiú i dtaca le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Comhionannas Fostaíochta agus treoraíocht a thabhairt maidir le cleachtais earcaíochta chuimsitheacha, i gcomhar le hArdán an Aontais Eorpaigh le haghaidh cairteacha um an éagsúlacht agus leis an ngrúpa saineolaithe um chomhionannas LADTIA+.
- ✓ Feasacht a mhúscailt agus comhroinnt eolais maidir le comhionannas sláinte a chothú trí Ardán Bheartas Sláinte an Aontais agus tríd an Tairseach um Dea-chleachtas Sláinte Poiblí, agus cur le léargas ó thionscadail taighde ábhartha de chuid Fís Eorpach an tráth céanna.
- ✓ Staidéar a dhéanamh ar éagothromaíocht agus idirdhealú maidir le tithíocht atá le foilsiú faoi thús 2027 agus leas a bhaint as a thorthaí i gcur chun feidhme an phlean Eorpaigh um thithíocht inacmhainne.
- ✓ Treochlár 2030 a leagan amach maidir le todhchaí an oideachais dhigitigh agus na scileanna digiteacha.
- ✓ Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit an rialachán atá beartaithe a ghlacadh maidir le haitheantas frithpháirteach do thuismíocht idir na Ballstáit.

⁽⁴¹⁾ S.V. v an Iodáil, Iarratas Uimh. 55216/08, 11 Deireadh Fómhair 2018. A.P., Garçon agus Nicot v an Fhrainc, Iarratais Uimh. 79885/12, 52471/13 agus 52596/13, 6 Aibreán 2017.

3. RANNPHÁIRTÍOCHT

I gcomhréir le hAirteagal 21 CAE agus trí [phlean gníomhaíochta an Aontais maidir le cearta an duine agus an daonlathas](#) agus trí [Treoirlínte AE maidir le cur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar gach ceart de chearta an duine a bheith á theachtadh ag daoine LADTI](#), is ceannaire domhanda é an tAontas cheana féin maidir le cearta daoine LADTIA+ a chur chun cinn agus a chosaint. Beidh gá le tiomantas seasmhach agus rannpháirtíocht ghníomhach ar gach leibhéal chun comhionannas iomlán a bhaint amach. Léiríonn an straitéis seo a dhiongbháilte atá an Coimisiún **tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine** ag cách laistigh den Aontas agus ar fud an domhain a chur chun cinn.

3.1 Rannpháirtíocht laistigh den Aontas a neartú

Tá ról ríthábhachtach ag na Ballstáit maidir le comhionannas daoine LADTIA+ a chur chun cinn ar an láthair. A bhui le tionscnamh chéad straitéis an Aontais um chomhionannas LADTIA, tá bearta déanta cheana féin ag go leor Ballstát chun comhionannas LADTIA+ a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta. Tá an Coimisiún ag iarraidh anois ar na Ballstáit uile **pleananna gníomhaíochta náisiúnta maidir le comhionannas LADTIA+ a ghlacadh faoi 2027**, i gcomhréir leis na [treoirlínte maidir le straitéisí agus pleananna gníomhaíochta chun comhionannas LADTIA a fheabhsú](#) agus leis an seicliosta faireacháin⁽⁴²⁾ a ghabhann leo. Chun bearta náisiúnta maidir le comhionannas LADTIA+ agus a gcur chun feidhme a mholadh, moltar do na Ballstáit freisin **comhordaitheoirí náisiúnta** maidir le comhionannas LADTIA+ a ainmniú nó tógáil ar na struchtúir atá ann cheana chun na críche sin.

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag tacú leis na hiarrachtaí sin agus d'fhaireachán a dhéanamh orthu tríd an nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht agus go sonrach trína **fhoghrúpa saineolaithe maidir le comhionannas LADTIA+**, a ndéanfar a shainordú a neartú chun ionadaithe ó thíortha is iarrthóirí a chuimsiú agus chun feabhas a chur ar an gcomhar le hUachtaránachtaí na Comhairle. I gcomhthéacs an tsainghrúpa, iarrfar ar na Ballstáit agus ar pháirtithe leasmhara eile **nuashonruithe tráthrialta** a chur ar fáil maidir lena ngníomhaíochtaí agus an fhaisnéis sin a scaipeadh chun infheictheacht bhearta comhionannais LADTIA+ a mhéadú. Beidh na Ballstáit in ann a bheith rannpháirteach freisin i ngníomhaíochtaí téamacha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí beartais sonracha, amhail cúram sláinte, oideachas agus IS.

Leanfaidh an Coimisiún d'infheictheacht, de cheiliúradh agus de thacaíocht a thabhairt d'údarais áitiúla a thacaíonn leis an gcuimsitheacht le [Gradaim Phríomhchathracha na hEorpa um Chuimsiú agus Éagsúlacht](#) agus de mhalartú dea-chleachtas a chothú i measc na mbuaiteoirí, sínitheoirí **Cairteacha um am Éagsúlacht** agus eagraíochtaí sochaí sibhialta.

Neartóidh an Coimisiún freisin an comhar le **grúpaí saineolaithe agus líonraí idirnáisiúnta um chomhionannas LADTIA+**. Áirítear orthu sin Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa maidir le Gnéaschlaonadh, Féiniúlacht Inscene, Léiriú Inscene agus Tréithe Gnéis a chuir tús lena

⁽⁴²⁾ Molann an Coimisiún Eorpach freisin do thíortha is iarrthóirí agus do thíortha is iarrthóirí ionchasacha dea-chleachtais na mBallstát sa réimse sin a leanúint.

shainordú in 2024 agus Líonra Eorpach na bPointí Fócasacha Rialtais LADTI arna stiúradh ag Comhairle na hEorpa.

Braitheann daonlathas sláintiúil ar **spás sibhialta oscailte rathúil**, inar féidir leis an tsochaí shibhialta oibriú gan bhad agus inar féidir le daoine a bhféiniúlacht a chur in iúl gan eagla. Mar sin féin, tá méadú ag teacht ar na dúshláin roimh eagraíochtaí sochaí sibhialta LADTI+ de réir mar a thagann brú breise ar a gcumas tacú lena bpobail, cás a dhéanamh ar son chearta an duine agus luachanna daonlathacha a chosaint.

Le **Straitéis an Aontais maidir leis an tSochaí Shibhialta** atá le teacht, bunófar creat coiteann chun rannpháirtíocht agus tacaíocht an Choimisiúin leis an tsochaí shibhialta a threorú ar fud na réimsí beartais. Féachann sé freisin leis an obair leis na Ballstáit maidir le spás sibhialta rathúil a chur chun cinn agus a chothú ar fud an Aontais, lena n-áirítear eagraíochtaí sochaí sibhialta agus cosantóirí chearta an duine atá gníomhach i gcur chun cinn agus i gcosaint luachanna an Aontais, lena n-áirítear combhionannas agus neamh-idirdhealú.

Cuirfidh an Coimisiún **‘Fóram Beartais LADTI+’** nua chun cinn freisin ina mbeidh eagraíochtaí sochaí sibhialta LADTI+, comhpháirtithe sóisialta agus an saol acadúil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn, measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus cur chun feidhme éifeachtach na straitéise sin a áirithiú. Leis sin, beifear in ann idirphlé struchtúrtha oscailte a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla, mar shampla, plé comhcheime tráthrialta le brateagraíochtaí Eorpacha LADTI+.

Is príomh-chomhghuaillithe iad daoine óga chun sochaithe cuimsitheacha daonlathacha a thógáil. Trí **idirphlé an Aontais leis an aos óg** agus tríd **an idirphlé spriocdhírthe beartais leis an aos óg** leis na Coimisinéirí, áirithíonn an Coimisiún go mbeidh guthanna daoine óga, go háirithe iad siúd ó ghrúpaí atá go mór i mbaol idirdhealaithe, lena n-áirítear daoine LADTI+, le cloisteáil sa phróiseas ceaptha beartas. Áiritheoidh an sásra cuimsitheach sin go mbeifear oscailte do na daoine óga uile a bheith ag cuidiú le beartais a mhúnlú, lena n-áirítear iad siúd sa phobal LADTI+.

Leanfaidh an Coimisiún de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun prionsabail an chomhionannais a chomhtháthú in athchóirithe agus infheistíochtaí náisiúnta trí bhithin ionstraimí caiteachais ábhartha de chuid an Aontais, amhail an **Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil** agus an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**.

Áirithíonn an Coimisiún go gcuirfear cistí an Aontais chun feidhme go cothrom. Leanfaidh sé d’fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh an **‘choinníll cumasúcháin chothrománaigh’**⁽⁴³⁾ maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm éifeachtach na Cairte um Chearta Bunúsacha le linn 2021-2027 le haghaidh na gcistí uile faoi **Rialachán na bhForálacha Coiteanna**. Ina theannta sin, forfheidhmeoidh sé an **Rialachán Airgeadais** athbhreithnithe, ina liostaítear go sainráite gríosú chun idirdhealaithe, fuatha nó foréigin mar fhorais eisiamh ó chistiú ón Aontas.

Treisióinn an Coimisiún a thiomantas tacaíocht a thabhairt d’eagraíochtaí sochaí sibhialta LADTI+, gníomhaíochas agus abhcóideacht an phobail, i gcomhthéacs ina bhfuil laghdú ag

⁽⁴³⁾ **Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021** (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

teacht ar chistiú do na heagraíochtaí sin⁽⁴⁴⁾. Leanfaidh an Coimisiún den chomhionannas agus den neamh-idirdhealú a chur chun cinn faoin **gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI)** eile, go háirithe trí **chlár AgoraEU**. Laistigh de AgoraEU, mhol an Coimisiún EUR 3,6 billiún a leithdháileadh ar **an tsraith nua um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna+**, níos mó ná dúbailt ar an mbuiséad faoin gclár reatha um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna.

Ina theannta sin, de réir an togra a cuireadh síos, chumhdófaí coimircí láidre sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí uile chun a áirithiú go **n-urramófar an Smacht Reachta agus go gcuirfear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm go héifeachtach** le linn an chur chun feidhme. Chuirfí leo cosc freisin ar aon idirdhealú atá bunaithe ar inscne agus ar ghnéaschlaonadh, i measc nithe eile, le linn a n-ullmhúcháin, a gcur chun feidhme, a bhfaireacháin, a dtuairiscithe agus a meastóireachta⁽⁴⁵⁾.

Tá ríthábhacht le sonraí comhionannais iontaofa agus inchomparáide chun beartais fhianaise-bhunaithe a dhearadh agus faireachán a dhéanamh orthu le peirspictíocht thrasnach. Déanfar sainordú an **tsainghrúpa um shonraí comhionannais** faoin nGrúpa Ardleibhéil um neamh-idirdhealú, comhionannas agus éagsúlacht a athnuachan. I gcomhar le FRA, cuirfidh sé bailiú sonraí comhionannais chun cinn, lena n-áirítear sonraí maidir leis na dúshláin roimh dhaoine LADTIA+.

Thairis sin, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, amhail FRA, an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), chun cúnamh teicniúil a chur ar fáil do na Ballstáit maidir le sonraí comhionannais, lena n-áirítear sonraí spriocdhírthe maidir le hidirdhealú trasnach. Ina theannta sin, leanfaidh sé de bheith ag obair le hoifigí staidrimh náisiúnta chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí comhionannais comhchuibhithe faoi **thascfhórsa Eurostat maidir le staidreamh comhionannais agus neamh-idirdhealaithe**. Ag cur leis an rath a bhí ar an [gcéad Chruinniú Comhchéime Ardleibhéil Eorpach maidir le sonraí Comhionannais](#) a bhí ar siúl in 2021, eagróidh an Coimisiún an dara heagrán, ina dtabharfar le chéile príomhpháirtithe leasmhara chun bailiú agus úsáid sonraí comhionannais a chur chun cinn a thuilleadh.

Ullmhóidh an Coimisiún **Moladh** chun feabhas a chur ar bhailiú, anailís agus úsáid sonraí comhionannais, i gcomhar leis na Ballstáit. Neartóidh sé sin tacaíocht do na Ballstáit agus do pháirtithe leasmhara eile, ag cur uirlisí ar fáil chun cuidiú le faireachán a dhéanamh ar staid an chomhionannais san Aontas agus feabhas a chur ar phríomhshruthú sonraí comhionannais.

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **Eorabharaiméadar nua maidir le hidirdhealú san Aontas** a fhoilsiú in 2027, agus iarrann sé ar FRA an chéad bhabhta eile dá **shuirbhé cuimsitheach ar dhaoine LADTIA+** a dhéanamh lena fhoilsiú in 2029.

⁽⁴⁴⁾ Féach, mar shampla, [Holding the Line: Defending LGBTI movements in the 2025 Funding Crisis](#) - Global Philanthropy Project.

⁽⁴⁵⁾ [COM/2025/565 final](#)

Tá an Coimisiún tiomanta i gcónaí feachtas a mhúscailt maidir le comhionannas LADTIA+ agus neamh-idirdhealú. Laineálfaidh sé **feachtas cumarsáide maidir le hAontas an Chomhionannais** chun daoine ar fud an Aontais a rannpháirtiú maidir le luachanna comhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

Leanfaidh an Coimisiún de chomhionannas LADTIA+ a chur chun cinn go gníomhach trí thacaíocht iomchuí a thabhairt do chruinnithe arna n-eagrú ag na húdaráis náisiúnta agus ag Uachtaránachtaí na Comhairle agus trí pháirt a ghlacadh sna cruinnithe sin agus i **bpríomhimeachtaí poiblí atá mar gharspriocanna don phobal LADTIA+**, amhail mí an bhróid agus an Lá Idirnáisiúnta in aghaidh na Homafóibe, na Trasfhóibe agus na Défhóibe.

Chun go mbeidh comhionannas LADTIA+ ina chuid de bheartais uile an Aontais, cuirfidh an Coimisiún dlús leis an gcomhar ar fud a ranna agus le hinstiúidí eile de chuid an Aontais. Leanfaidh an **Coimisinéir Eorpach um Chomhionannas**, an pointe teagmhála comhionannais sna *cabinets*, Grúpa Idirsheirbhíse an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme na straitéise seo agus **Tascfhórsa um Chomhionannas**, tascfhórsa inmheánach de chuid an Choimisiúin, de bheith ag éascú an méid sin.

3.2 Rannpháirtíocht dhomhanda a choinneáil ar bun chun seasamh le cearta daonna daoine LADTIA+

Tá an tAontas tiomanta fós do **chearta daoine LADTIA+ a chur chun cinn go hidirnáisiúnta**. Cosnaítear cearta daoine LADTIA+ faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine atá ann cheana, ach fós féin in go leor áiteanna ar domhan, déantar sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine do dhaoine LADTIA+, lena n-áirítear géarleanúint, príosúnacht nó fiú pionós an bháis⁽⁴⁶⁾, as a bheith dílis dóibh féin. De réir a chéile, tá cosantóirí chearta an duine agus a saol á gcur i mbaol chun comhionannas LADTIA+ a chur chun cinn.

Ar an leibhéal iltaobhach, oibreoidh an tAontas chun comhghuaillíochtaí réigiúnacha agus domhanda a thógáil chun an comhionannas a chur chun cinn, lena n-áirítear sna **Náisiúin Aontaithe**, in **ESCE** agus i **gComhairle na hEorpa**. Leanfaidh sé de bheith rannpháirteach i gCroíghrúpa LADTI na Náisiún Aontaithe, agus leanfaidh sé de bheith i dteagmháil le sásraí Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine, lena n-áirítear Saineolaí Neamhspleách na Náisiún Aontaithe maidir le cosaint ar fhoréigean agus ar idirdhealú bunaithe ar an treoshuíomh gnéasach agus ar fhéiniúlacht inscne.

Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach san anailís ar ghníomhaíochtaí maidir le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis atá dírithe ar an bpobal LADTIA+ agus rannchuideoidh sé go gníomhach le hionsaithe den sórt sin a chosc agus freagairt orthu ar fud na leibhéal agus na réigiún éagsúil ar fud an domhain.

Go déthaobhach, cuirfidh an tAontas dlús leis na hiarrachtaí chun cineálacha iomadúla agus trasnacha idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear iad siúd atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne. Cuirfidh an tAontas dlús freisin le gníomhaíocht chun na

⁽⁴⁶⁾ De réir [Chlár Comhpháirteach na Náisiún Aontaithe maidir le VEID/SEIF](#), coiríulaítear an caidreamh comhghnéis i 67 dtír, agus forchuirtear pionós an bháis i 10 dtír (2023).

cineálacha uile idirdhealaithe agus ciaptha in aghaidh daoine LADTI, agus foréigean agus fuath de bharr fóibe faoi dhaoine LADTI a chosc, a cháineadh agus a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de dhlíthe, beartais agus cleachtais idirdhealaitheacha a cháineadh agus a chomhrac go gníomhach, agus molfaidh sé go láidir go ndéanfar **díchoiriúlú domhanda ar chaidreamh comhghnéis comhthoiliúil**.

Tabharfar treoir do Thoscaireachtaí an Aontais leanúint de dhlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí agus dul i mbun for-rochtain taidhleoireachta in aon áit ina moltar dlíthe sriantacha. Leanfaidh an tAontas de chearta daoine LADTIA+ a chosaint ina idirphlé polaitiúil maidir le cearta an duine. I dteagmháil an Aontais le tíortha a thairbhíonn d'fhabhair thrádála faoi [Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife](#) agus faoin [scéim Gach Ní Seachas Airm](#), díreofar ar chomhionannas LADTIA+ i gcónaí.

Ina **mhisin bhreathnóireachta toghchán**, leanfaidh an tAontas de chásanna fuathchainte agus cainte gríosaithe a mheas, lena n-áirítear nuair is ar dhaoine LADTIA+ a dhírítear iad, agus de léiriú steiréitíopaí i gcumhdach sna meáin a mheas. Scrúdóidh an tAontas freisin bearta arna nglacadh ag na húdaráis ábhartha chun rannpháirtíocht grúpaí mionlaigh, lena n-áirítear daoine LADTIA+, sa phróiseas toghcháin a éascú agus chun an t-idirdhealú ina gcoinne a chomhrac.

Ina theannta sin, leanfaidh an tAontas de bheith ag áirithiú go bhfreastalóidh an **chabhair dhaonnúil** agus bearta cosanta ar riachtanais shonracha daoine leochaileacha LADTIA+, i gcomhréir le bunphrionsabail dhaonnúla, amhail neamhchlaontacht agus neamh-idirdhealú. Is príomhthosaíocht de chuid an Aontais mar dheontóir daonnúil é foréigean inscnebhunaithe a chosc agus a mhaolú agus freagairt dó, lena n-áirítear foréigean gnéasach a bhaineann le coinbhleacht.

Maidir le **tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha**, i gcomhréir le modheolaíocht athbhreithnithe 2020 um méadú, leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do chearta daoine LADTIA+, lena n-áirítear mar chuid den chaibidlíocht aontachais agus de chomhaontuithe comhlachais gaolmhara. Le pacáiste bliantúil an Choimisiúin um méadú, leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar staid chearta an duine i gcás daoine LADTIA+ i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha.

Go háirithe, leanfaidh an Coimisiún d'fhaireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh reachtaíocht an Aontais agus chásdlí ábhartha CBAE agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, moltaí agus bearta tacaíochta a eisiúint chun comhionannas a áirithiú le haghaidh daoine LADTIA+ agus chun dul i ngleic leis an bhforéigean, leis an bhfuath agus leis an idirdhealú. Ina theannta sin, leanfaidh an Coimisiún de chearta daoine LADTIA+ a chur chun cinn ina **phléití polaitiúla agus ina phléití maidir le cearta an duine le tíortha comharsanacha**.

Chun tacú le cosantóirí chearta an duine, leanfaidh an Coimisiún de threoraíocht a thabhairt maidir le hiarratais ar víosaí ó chosantóirí chearta an duine a phróiseáil tríd an [Treoirleabhar chun iarratais ar víosaí a phróiseáil agus chun víosaí a eisíodh a mhodhnú](#). Rinneadh athbhreithniú ar an treoirleabhar i mí an Mheithimh 2024, cuireadh treoraíocht agus samplaí nuashonraithe leis, lena n-áirítear le haghaidh chosantóirí chearta daoine LADTIA+. Leanfaidh Toscaireachtaí an Aontais ar fud an domhain de [threoirlínte an Aontais maidir le cosantóirí chearta an duine](#) a chur chun feidhme. Cuirtear tacaíocht shonrach ar fáil freisin trí [Shásra an](#)

[Aontais Eorpaigh um Chosantóirí Chearta an Duine](#) trí dheontais éigeandála, cúnamh athlonnaithe, fothú acmhainneachta, agus oiliúint do chosantóirí chearta an duine atá i mbaol

Ar deireadh, chun seasamh le cearta daoine LADTIA+, cuirfidh an Coimisiún cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine i bhfeidhm, mar aon le hanailís inscne agus neamhionannais, maidir le gach gníomhaíocht a chistítear trí ionstraimí cistiúcháin an Aontais, amhail an **Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA)** agus an **Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda**, lena n-áirítear faoi chlár théamacha ICFCI maidir le cearta an duine agus an daonlathas, agus an tsochaí sibhialta. Leis na clár sin, leanfar de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil d'eagraíochtaí sochaí sibhialta LADTIA+ agus do chosantóirí chearta an duine. Ina dhiaidh sin, ba cheart [ionstraim um An Eoraip Dhomhanda](#) atá beartaithe, agus atá sa phróiseas reachtach faoi láthair, a bheith ann don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile.

Príomhghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún Eorpach:

- ✓ Cistiú a chur ar fáil trí ionstraimí caiteachais ábhartha de chuid an Aontais chun tacú le tionscadail agus eagraíochtaí a sheasann le cearta daoine LADTIA+ agus a dhéanann an t-idirdhealú a chomhrac.
- ✓ 'Fóram Beartais LADTIA+' nua a chruthú in éineacht le heagraíochtaí sochaí sibhialta LADTIA+, na comhpháirtithe sóisialta agus an saol acadúil in 2026.
- ✓ Feachtas cumarsáide maidir le hAontas an Chomhionannais a sheoladh go luath in 2027 chun daoine ar fud an Aontais a rannpháirtiú maidir le luachanna comhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.
- ✓ Moladh a ullmhú maidir le sonraí comhionannais, arna chomhlánú le heagrán nuafhoilsithe den Eorabharaiméadar maidir le hidirdhealú san Aontas in 2027.
- ✓ Gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun tairbhiú iomlán agus cothrom chearta uile an duine ag gach duine LADTIA+ ar fud an domhain, ar an leibhéal iltaobhach agus déthaobhach araon, a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear a mholadh go ndéanfar díchoiriúlú domhanda ar chaidreamh comhghnéis toilithe.
- ✓ Tacú le hailíniú na dtíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha le reachtaíocht ábhartha an Aontais agus le cásdlí CBAE agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.

CONCLÚID

Leis an straitéis sin, athdhearbhaítear fíis an Aontais Eorpaigh ina bhfuil **daoine LADTIA+ saor a bheith dílis dóibh féin agus grá a thabhairt**. Tá dul chun cinn mór déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit maidir le h**Aontas an Chomhionannais** a chur chun cinn. Mar sin féin, is féidir go leor a bhaint amach fós ar mhaithe le sochaí atá fíorchothrom do chách, saor ó idirdhealú agus ó fhuath.

Ag cur le straitéis um chomhionannas LADTIA 2020-2025, **leanann an straitéis athnuaite seo d'iarrachtaí an Aontais comhionannas LADTIA+ a chur chun cinn** agus leanann sí de bheith ag díriú ar réimsí tosaíochta, agus ar chomhionannas LADTIA+ a phríomhshruthú sna beartais uile, le cur chuige trasnach. Ní hamháin go bhfuil sé ríthábhachtach comhionannas a

bhaint amach ar mhaithe le daonlathas athléimneach agus sochaí chomhtháite ach tá sé **fíor-riachtanach freisin chun geilleagair rathúla iomaíocha a chothú** ar fud na hEorpa.

Is **freagracht chomhroinnte** é seasamh leis an gcomhionannas agus leis an neamh-idirdhealú san Aontas, rud a éilíonn iarrachtaí comhpháirteacha ar gach leibhéal. Ní mór d’institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, do na Ballstáit, lena n-áirítear a n-údaráis réigiúnacha agus áitiúla, comhlachtaí comhionannais, comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí, an sochaí sibhialta agus daoine aonair leanúint dá rannpháirtíocht agus í a neartú chun cuspóirí na straitéise athnuaite a bhaint amach. Tá ról ríthábhachtach ag **comhghuaillithe**, daoine nach n-aithníonn iad féin mar dhaoine LADTIA+, b’fhéidir, ach a sheasann go gníomhach ar son chomhionannas daoine LADTIA+, trí thacú le comhionannas LADTIA+ ina saol laethúil, trí labhairt amach agus trí thacú go gníomhach leis, rud a chuidíonn chun comhluachanna a iompú ina réaltachtaí inláimhsithe.

Iarrann an Coimisiún ar **Pharlaimint na hEorpa** agus ar an **gComhairle** a dtiomantas a athnuachan agus tacú le cur chun feidhme na straitéise sin. Ina theannta sin, iarrann an Coimisiún ar Choiste na Réigiún agus ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa údaráis áitiúla agus réigiúnacha, comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a thabhairt le chéile chun plé a dhéanamh ar conas comhionannas daoine LADTIA+ a chur chun cinn do chách.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán tráthrialta ar chur chun feidhme na mbeart a chuirtear i láthair sa straitéis seo agus cuirfidh sé **athbhreithniú meántearma** i láthair in 2028.